C/2024/6792

13.11.2024

Fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú forálacha dlíthiúla áirithe i dTreoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta), Treoir 2006/43/CE (an Treoir Iniúchóireachta), Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 (an Rialachán Iniúchóireachta), Treoir 2004/109/CE (an Treoir um Thrédhearcacht), Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 (an chéad tacar de Chaighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta 'an chéad ghníomh tarmligthe ESRS'), agus Rialachán (AE) 2019/2088 (an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe 'RNAI') a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta

(C/2024/6792)

Leis an tacar Ceisteanna Coitianta seo, soiléirítear léirmhíniú forálacha áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a tugadh isteach leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (Treoir (AE) 2022/2464) sa Treoir Chuntasaíochta (Treoir 2013/34/AE), sa Treoir Iniúchóireachta (Treoir 2006/43/CE), sa Rialachán Iniúchóireachta (Rialachán (AE) Uimh. 537/2014), agus sa Treoir um Thrédhearcacht (Treoir 2004/109/CE) d'fhonn a gcur chun feidhme ag gnóthais a éascú. Soiléirítear leis freisin forálacha áirithe den Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe 'RNAI' (Rialachán (AE) 2019/2088).

Áirítear sa tacar Ceisteanna Coitianta seo freisin líon teoranta soiléirithe maidir le léirmhíniú forálacha áirithe den chéad tacar de Chaighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta 'ESRS' (Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún), ar measadh go raibh gá le léirmhíniú dlíthiúil ón gCoimisiún ina leith. D'fhéadfadh sé gur mhian le gnóthais agus le páirtithe leasmhara eile breathnú freisin ar an treoir maidir le cur chun feidhme Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta arna foilsiú ag an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, an comhlacht comhairleach ilpháirtithe leasmhara a bhfuil sé de chúram air comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta ([1]).

Tríd an tacar Ceisteanna Coitianta seo, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún comhlíonadh na gceanglas rialála ag páirtithe leasmhara a éascú ar bhealach costéifeachtach agus inúsáidteacht agus inchomparáideacht na faisnéise a thuairiscítear maidir le hinbhuanaitheacht a áirithiú. Trí níos mó soiléireachta agus cinnteachta a thabhairt do chuideachtaí, leis an tacar Ceisteanna Coitianta seo, rannchuideofar le cuspóir an Choimisiúin ualaí riaracháin ar ghnóthais a laghdú a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta ([2]). Féadfaidh an Coimisiún na Ceisteanna Coitianta seo a thabhairt cothrom le dáta i gcás inarb iomchuí.

Leis na freagraí ar Cheisteanna Coitianta atá san Fhógra seo, soiléirítear na forálacha atá ann cheana sa reachtaíocht is infheidhme. Ní leathnaítear leo ar aon bhealach na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an reachtaíocht sin ná ní thugtar isteach aon cheanglas breise leo. Níl beartaithe leis na Ceisteanna Coitianta seo ach cúnamh a thabhairt do ghnóthais na forálacha dlíthiúla ábhartha a chur chun feidhme. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus í sin amháin, atá inniúil ar dhlí an Aontais a léirmhíniú go húdarásach. Leis na tuairimí a léirítear san Fhógra seo, ní féidir réamhbhreith a dhéanamh ar an seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh os comhair an Aontais agus os comhair na gcúirteanna náisiúnta.

Clár na n-ábhar

Leathanach

Section I - Glossary of relevant terms and applicable legislation 3

Section II – Overview of the sustainability reporting requirements introduced by the CSRD 4

SUSTAINABILITY REQUIREMENTS FOR REPORTING UNDERTAKINGS 5

REQUIREMENTS FOR STATUTORY AUDITORS AND INDEPENDENT ASSURANCE SERVICES PROVIDERS (IASPS) . 13

([1]) www.efrag.org D'fhoilsigh Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais treoir maidir le cur chun feidhme i ndáil le measúnú ábharthachta, i ndáil le tuairisciú slabhra luacha agus i ndáil leis an liosta pointí sonraí atá in ESRS. Tá treoir maidir le cur chun feidhme i ndáil le pleananna aistrithe aeráide á forbairt ag an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais i láthair na huaire. Ina theannta sin, tá ardán Ceisteanna agus Freagraí ar líne bunaithe ag an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais trínar féidir le gnóthais agus páirtithe leasmhara eile ceisteanna teicniúla maidir le ESRSanna a chur isteach.

([2]) Chun oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú, bhain an Coimisiún úsáid iomlán as a chumhachtú in Airteagal 3(13) den Treoir Chuntasaíochta chun Treoir Tharmligthe (AE) 2023/2775 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 a ghlacadh lena leasaítear Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2775, 21.12.2023) chun coigeartú a dhéanamh ar na critéir mhéide is infheidhme maidir leis an sainmhíniú ar mhicreaghnóthais, ar ghnóthais bheaga, ar ghnóthais mheánmhéide agus ar ghnóthais mhóra nó ar ghrúpaí móra le haghaidh éifeachtaí an bhoilscithe. Laghdaigh sé sin an líon gnóthas atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta faoin Treoir Chuntasaíochta – agus, dá bhrí sin, faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 (an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht).

Section III – FAQs on sustainability information to be reported under Articles 19a/29a of the Accounting Directive (individual and consolidated sustainability statement) 15

SCOPE AND APPLICATION DATES 15

EXEMPTION RULES 19

ESRS 23

VALUE CHAIN 24

ARTICLE 8 TAXONOMY REGULATION DISCLOSURES 27

LANGUAGE REQUIREMENTS 27

DIGITALISATION (FORMAT AND DIGITAL TAGGING) 28

PUBLICATION 28

SUPERVISION 29

Section IV – FAQs on sustainability information reported under Article 40a of the Accounting Directive 29

SCOPE AND APPLICATION DATE 29

ESRS 30

ARTICLE 8 TAXONOMY REGULATION DISCLOSURES 30

EXEMPTION RULES 31

LANGUAGE AND FORMAT 31

PUBLICATION 31

SUPERVISION 32

Section V – FAQs on the assurance of sustainability reporting 32

APPROVAL OF STATUTORY AUDITORS AND AUDIT FIRMS 32

ACCREDITATION AND APPROVAL OF INDEPENDENT ASSURANCE SERVICES PROVIDERS (IASPS) 34

ACCREDITED INDEPENDENT THIRD PARTY 35

INDEPENDENT ASSURANCE SERVICES PROVIDERS (IASPS) 35

THIRD-COUNTRY ASSURANCE PROVIDERS 36

CONFIDENTIALITY 36

ASSURANCE SERVICES 36

FEES 36

ASSURANCE OF THE SUSTAINABILITY STATEMENT PREPARED IN ACCORDANCE WITH ARTICLES 19a AND 29a ACCOUNTING DIRECTIVE 37

NON-ASSURANCE SERVICES 39

ASSURANCE OF THE SUSTAINABILITY REPORT PREPARED IN ACCORDANCE WITH ARTICLE 40a OF THE ACCOUNTING DIRECTIVE 39

Section VI – FAQs on key intangible resources 40

Section VII – Additional FAQs on requirements for third-country undertakings 41

Section VIII – FAQ on SFDR 42

ROINN I

GLUAIS NA DTÉARMAÍ ÁBHARTHA AGUS NA REACHTAÍOCHTA IS INFHEIDHME

Téarma	Sainmhíniú / Tagairt dhlíthiúil
An Treoir Chuntasaíochta	Treoir 2013/34/AE ([1]).
An Treoir Iniúchóireachta	Treoir 2006/43/CE ([2]).
An Rialachán Iniúchóireachta	Rialachán (CE) Uimh. 537/2014 ([3]).
An Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí	Treoir (AE) 2017/1132 ([4]).
An Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach	Treoir (AE) 2022/2464 (an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach) ([5]).
Pacáiste an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh	— Rialachán (AE) 2023/2859 lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP) lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil don phobal agus atá ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargaí caipitil agus don inbhuanaitheacht (an Rialachán maidir leis an bPointe Rochtana Aonair Eorpach); ([6]) — Rialachán (AE) 2023/2869 lena leasaítear Rialacháin áirithe maidir le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (Rialachán Omnibus maidir leis an bPointe Rochtana Aonair Eorpach) ([7]); — Treoir (AE) 2023/2864 lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (Treoir Omnibus maidir leis an bPointe Rochtana Aonair Eorpach) ([8]).
An Rialachán Tarmligthe maidir leis an bhformáid leictreonach aonair Eorpach	Rialachán Tarmligthe 2019/815 ón gCoimisiún maidir leis an bhformáid leictreonach aonair Eorpach ([9]).
ESRSanna FBManna liostaithe	Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRSanna) atá le húsáid ag gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) liostaithe, gan micreaghnóthais san áireamh, mar rogha mhalartach ar ESRSanna chun a ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú faoi Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta. Tá na ESRSanna sin le glacadh ag an gCoimisiún bunaithe ar Airteagal 29c den Treoir Chuntasaíochta.
ESRSanna a bhaineann le gnóthais tríú tír áirithe	Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS) atá le húsáid ag gnóthais tríú tír atá faoi réir Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta agus a dtuarascáil inbhuanaitheachta á hullmhú acu. Tá na ESRSanna sin le glacadh ag an gCoimisiún bunaithe ar Airteagal 40b den Treoir Chuntasaíochta.
ESRS	Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS) atá le húsáid ag gnóthais faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta chun a ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta. Áirítear leis na ESRSanna sin idir an chéad tacar de ESRSanna il-oiriúnacha ó thaobh earnála de (a glacadh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún ([10])) agus ESRSanna earnáil-sonracha (atá le glacadh ag an gCoimisiún faoin 30 Meitheamh 2026).
FBManna	Gnóthais bheaga agus mheánmhéide, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), (2), agus (3) den Treoir Chuntasaíochta.
RNAI	Rialachán (AE) 2019/2088 (an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe) ([11]).
Tuarascáil inbhuanaitheachta a bhaineann le gnóthais tríú tír áirithe	Faisnéis inbhuanaitheachta atá le tuairisciú faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta.
Ráiteas inbhuanaitheachta	Faisnéis inbhuanaitheachta atá le tuairisciú faoi Airteagail 19a (ráiteas inbhuanaitheachta aonair) agus 29a (ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite) den Treoir Chuntasaíochta.
An Rialachán maidir le Tacsanomaíocht	Rialachán (AE) 2020/852 ([12]).
An Treoir um Thrédhearcacht	Treoir 2004/109/EC ([13]).

([1]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

([2]) Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/909/CE ón gCoimisiún (IO L 158, 27.5.2014, lch. 77).

([4]) Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

([5]) Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15).

([6]) Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear pointe rochtana aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis, atá ar fáil don phobal agus atá ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargaí caipitil agus don inbhuanaitheacht (IO L 2023/2859, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2859/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2023/2869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialacháin áirithe maidir le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2023/2869, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2869/oj).

([8]) Rialachán (AE) 2023/2864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2023/2864, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2864/oj).

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

([10]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2772/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, p. 1).

([12]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

([13]) Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

ROINN II

FORLÉARGAS AR NA CEANGLAIS TUAIRISCITHE INBHUANAITHEACHTA A TUGADH ISTEACH LEIS AN TREOIR MAIDIR LE TUAIRISCIÚ INBHUANAITHEACHTA CORPARÁIDEACH

Leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (Treoir (AE) 2022/2464), tugadh isteach ceanglais nua maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais áirithe trí bhíthin leasuithe ar an Treoir Chuntasaíochta (Treoir 2013/34/AE), an Treoir Iniúchóireachta (Treoir 2006/43/CE), an Rialachán Iniúchóireachta (Rialachán (AE) Uimh. 537/2014), agus an Treoir um Thrédhearcacht (Treoir 2004/109/CE).

Ar an iomlán ([3]), leis na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta sin, cuirtear d'oibleagáid ar ghnóthais áirithe faisnéis inbhuanaitheachta a fhoilsiú, ar faisnéis í nach mór a ullmhú i gcomhréir le caighdeáin shonracha tuairiscithe inbhuanaitheachta agus, i gcás inarb infheidhme, formáid dhigiteach a chomhlíonadh. Tá an fhaisnéis inbhuanaitheachta sin faoi réir ceanglas dearbhaithe agus ní mór í a fhoilsiú in éineacht leis an tuarascáil dearbhaithe ghaolmhar.

Ar an iomlán, tá feidhm ag na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta sin maidir le gnóthais a rialaítear le dlí Ballstáit ([4]) agus arb éard atá iontu:

— gnóthais mhóra;

([3]) Is forbhreathnú é seo ar na príomhcheanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ceanglais tuairiscithe ábhartha do ghnóthais arna rialú le dlí Ballstáit: Airteagail 19a, 29a agus 40a den Treoir Chuntasaíochta. Chun léiriú níos mionsonraithe a fháil ar gach ceanglas, féach na míreanna thíos.

([4]) Is forbhreathnú é seo ar na gnóthais a thagann faoi raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta sin. Chun léiriú níos mionsonraithe a fháil ar na gnóthais atá faoi raon feidhme gach ceanglais, féach na míreanna thíos.

— FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas; agus

— máthairghnóthais grúpaí móra.

Tá feidhm acu freisin maidir le gnóthais arna rialú le dlí tríú tír a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas (gan micreaghnóthais san áireamh) nó a bhfuil gnó acu i gcríoch an Aontais os cionn tairseacha áirithe ([5]).

Braitheann na rialacha chun méid gnóthais agus raon feidhme an chomhdhlúthaithe a chinneadh chun críoch tuairiscithe inbhuanaitheachta ar na rialacha atá ann cheana chun críoch tuairiscithe airgeadais, ar rialacha iad a leagtar amach sna bearta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir Chuntasaíochta atá ann cheana. Léirítear tairseacha na Treorach Cuntasaíochta chun méid gach catagóire gnóthas a chinneadh sa bhosca sa '*Sreabhchairt chun na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta is infheidhme agus an dáta cur i bhfeidhm a shainaithint*' thíos.

Athraíonn dáta chur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta sin ag brath ar an gceanglas tuairiscithe sonrach agus ar chatagóir an ghnóthais. Léirítear an dáta sonrach cur i bhfeidhm le haghaidh gach ceanglais sa mhír '*Ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais tuairiscithe*' thíos.

Ós rud é go dtugtar na ceanglais sin isteach trí bhíthin Treorach, is iad na rialacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir le gnóthais na rialacha a leagtar amach sa reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir Chuntasaíochta arna leasú leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach ([6]), agus le Treoir Tharmligthe (AE) 2023/2775 ón gCoimisiún ([7]) lena ndearnadh coigeartú ar na critéir mhéide is infheidhme maidir leis an sainmhíniú ar mhicreaghnóthais, ar ghnóthais bheaga, ar ghnóthais mheánmhéide agus ar ghnóthais mhóra nó ar ghrúpaí móra le haghaidh éifeachtaí an bhoilscithe, rud a laghdaíonn, dá bhrí sin, an líon gnóthas atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta agus, go pointe áirithe, na gceanglas tuairiscithe airgeadais.

Ní rialaítear leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach nochtadh deonach faisnéise inbhuanaitheachta a dhéanann gnóthais nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (mar shampla, FBManna nach bhfuil urrúis acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas), nach bhfuil faoi réir ceanglais shainordaitheacha ar leibhéal an Aontais.

CEANGLAIS INBHUNAITHEACHTA LE hAGHAIDH GNÓTHAIS TUAIRISCITHE

1. **Ullmhú, dearbhú agus foilsiú na faisnéise inbhuanaitheachta atá le tuairisciú faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta (ráiteas inbhuanaitheachta)**

1.1. *Faisnéis inbhuanaitheachta atá le tuairisciú ar an leibhéal aonair faoi Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta (ráiteas inbhuanaitheachta)*

Bunaithe ar Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta, gnóthais a rialaítear le dlí Ballstáit arb éard atá iontu:

— gnóthais mhóra ([8]); nó

([5]) Ceanglais tuairiscithe ábhartha do ghnóthais arna rialú le dlí tríú tír: Airteagal 4(5) den Treoir um Thrédhearcacht (lena ndéantar crostagairt d'Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta) agus Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta.

([6]) Leagtar amach na rialacha maidir le cur i láthair agus inneachar an ráitis inbhuanaitheachta a ullmhaíonn gnóthais sna gníomhartha tarmligthe lena sonraítear na Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS) ábhartha. Glactar na caighdeáin sin trí bhíthin Rialachán, agus dá bhrí sin, tá siad infheidhme go díreach ag gnóthais gan gá do na Ballstáit iad a thrasuí.

([7]) Treoir Tharmligthe (AE) 2023/2775 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar na critéir mhéide le haghaidh micreaghnóthas, gnóthais bheaga, gnóthais mheánmhéide agus gnóthais mhóra nó le haghaidh micreaghrúpaí, grúpaí beaga, grúpaí meánmhéide agus grúpaí móra (IO L 2023/2775, 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2023/2775/oj).

([8]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) den Treoir Chuntasaíochta, arna leasú le Treoir Tharmligthe (AE) 2023/2775 ón gCoimisiún.

— FBManna ([9]), gan micreaghnóthais san áireamh ([10]), a bhfuil urrúis inaistrithe ([11]) acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas;

ní mór dóibh faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar an leibhéal aonair (ráiteas inbhuanaitheachta aonair) maidir le tionchair an ghnóthais ar chúrsaí inbhuanaitheachta, agus maidir leis an gcaoi a ndéanann cúrsaí inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, d'fheidhmíocht agus do sheasamh an ghnóthais.

Ní mór an ráiteas inbhuanaitheachta aonair a bheith i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(i) ní mór é a bheith san áireamh i roinn ar leith de thuarascáil bhainistíochta an ghnóthais;

(ii) ní mór é a ullmhú i gcomhréir leis na Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS) arna nglacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe ón gCoimisiún ([12]). Féadfaidh FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas, mar rogha air sin, a ráiteas inbhuanaitheachta aonair a ullmhú i gcomhréir le tacar tiomnaithe ESRSanna comhréireacha ([13]) arna nglacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe ón gCoimisiún (ESRSanna FBManna liostaithe); ([14])

(iii) ní mór é a mharcáil i gcomhréir le tacsanomaíocht dhigiteach ([15]) arna glacadh trí bhíthin leasaithe ar an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir leis an bhFormáid Leictreonach Aonair Eorpach ([16]), agus ullmhófar an tuarascáil bhainistíochta a bhfuil an ráiteas inbhuanaitheachta ina chuid di i bhformáid XHTML ([17]);

(iv) ní mór é a bheith faoi réir dearbhú ([18]), a bheidh le déanamh ag iniúchóirí reachtúla, nó ag Soláthraithe Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleácha i gcás ina gceadaíonn Ballstát é sin, bunaithe ar chaighdeáin dearbhaithe theoranta ([19]);

(v) foilseofar an tuarascáil bhainistíochta ina bhfuil an ráiteas inbhuanaitheachta i gcomhréir leis na rialacha foilseacháin atá ann cheana le haghaidh na tuarascála bainistíochta ([20]), in éineacht leis an tuairim dhearbhaithe maidir leis an ráiteas inbhuanaitheachta ([21]).

([9]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), (2) agus (3) den Treoir Chuntasaíochta, arna leasú le Treoir Tharmligthe (AE) 2023/2775 ón gCoimisiún.

([10]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) den Treoir Chuntasaíochta, arna leasú le Treoir Tharmligthe (AE) 2023/2775 ón gCoimisiún.

([11]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (44), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE. Áirítear le hurrúis inaistrithe, *inter alia*, scaireanna i gcuideachtaí agus cineálacha eile fiachais urrúsaithe.

([12]) Airteagal 29b den Treoir Chuntasaíochta. Áirítear leis na Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta sin idir an chéad tacar de ESRSanna il-oiriúnacha ó thaobh earnála de (a glacadh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún) agus ESRSanna earnáil-sonracha (atá le glacadh ag an gCoimisiún faoin 30 Meitheamh 2026).

([13]) Airteagal 19a(6) den Treoir Chuntasaíochta.

([14]) Airteagal 29c den Treoir Chuntasaíochta.

([15]) Is éard is 'tacsanomaíocht dhigiteach' ann tacar rialacha (a ghlacfar trí bhíthin leasaithe ar Rialachán Tarmligthe 2019/815 ón gCoimisiún) ina leagfar amach an bealach chun an fhaisnéis a mharcáil laistigh den ráiteas inbhuanaitheachta - rud nach mór a bheith i dtuarascáil bhainistíochta a tharraingítear suas i bhformáid XHTML - chun go mbeidh an ráiteas inbhuanaitheachta inléite ag meaisín.

([16]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaigh aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1).

([17]) Airteagal 29d den Treoir Chuntasaíochta.

([18]) Airteagal 34 den Treoir Chuntasaíochta.

([19]) Bunaithe ar Airteagal 26a den Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, ní mór dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin dearbhaithe theoranta atá le glacadh ag an gCoimisiún faoin 1 Deireadh Fómhair 2026 (agus atá á bhforbairt i láthair na huaire). Féadfaidh na Ballstáit, áfach, caighdeáin, nósanna imeachta nó ceanglais náisiúnta dearbhaithe a chur i bhfeidhm fad nach mbeidh caighdeán dearbhaithe glactha ag an gCoimisiún lena gcumhdaítear an t-ábhar céanna.

([20]) Leis na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach sa Treoir Chuntasaíochta arna leasú leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, ní mhodhnaítear an sprioc-am foilsithe a bhí ann cheana don tuarascáil bhainistíochta a shonraítear in Airteagal 30 den Treoir Chuntasaíochta, i.e. 12 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta an chláir chomhardaithe.

([21]) Airteagal 30 den Treoir Chuntasaíochta.

Ní mór na ceanglais sin a chomhlíonadh bunaithe ar an gcur chuige céimnithe seo a leanas ([22]):

— *le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2024 nó dá éis* (i.e. le foilsiú in 2025): gnóthais mhóra ar eintitis leasa phoiblí iad ([23]) a sháraíonn, ar dhátaí a gclár comhardaithe, meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais;

— *le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2025 nó dá éis* (i.e. le foilsiú in 2026): na gnóthais mhóra eile (i.e. gnóthais mhóra nach '*eintitis leasa phoiblí* [iad] *a sháraíonn, ar dhátaí a gclár comhardaithe, an meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais*');

— *le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2026 nó dá éis* (i.e. le foilsiú in 2027):

  — FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas;

  — institiúidí beaga neamhchasta ([24]), ar choinníoll gur gnóthais mhóra nó FBManna iad (gan micreaghnóthais san áireamh), a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas;

  — gnóthais árachais faoi chuing ([25]) agus gnóthais athárachais faoi chuing ([26]), ar choinníoll gur gnóthais mhóra nó FBManna iad (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas.

Maidir le FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas, féadfaidh siad rogha an diúltaithe a dhéanamh maidir leis na ceanglais sin go dtí blianta airgeadais a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2028, ar choinníoll go luann siad go hachomair ina dtuarascáil bhainistíochta an fáth nár soláthraíodh an tuairisciú inbhuanaitheachta ([27]).

Díolmhaítear an gnóthas ón oibleagáid ráiteas inbhuanaitheachta aonair a fhoilsiú i gcás ina gcuirtear an fhaisnéis i ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite máthairghnóthais, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe maidir le hinneachar thuarascáil bhainistíochta an ghnóthais dhíolmhaithe agus maidir le foilsiú na faisnéise inbhuanaitheachta ag an máthairghnóthas ([28]). Gnóthais mhóra a bhfuil urrúis acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas – lena n-áirítear institiúidí beaga neamhchasta, gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing agus lena n-áirítear gnóthais tríú tír chomh maith – , ní féidir leo leas a bhaint as an díolúine sin ([29]).

1.2. *Faisnéis inbhuanaitheachta atá le tuairisciú ar an leibhéal comhdhlúite faoi Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta (ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite)*

Bunaithe ar Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta, ní mór do ghnóthas a rialaítear le dlí Ballstáit ar máthairghnóthas grúpa mhóir é ([30]) faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar an leibhéal comhdhlúite (ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite) maidir le tionchair an ghnóthais ar chúrsaí inbhuanaitheachta, agus maidir leis an gcaoi a ndéanann cúrsaí inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, d'fheidhmíocht agus do sheasamh an ghnóthais.

Ní mór an ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a bheith i gcomhréir leis na ceanglais chéanna a shonraítear don ráiteas inbhuanaitheachta aonair (mír 1.1 thuas, pointí (i) go (v)) ([31]).

([22]) Airteagal 5(2), an chéad fhomhír den Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.
([23]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), den Treoir Chuntasaíochta.
([24]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (145) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
([25]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (2) de Threoir 2009/138/CE.
([26]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (5) de Threoir 2009/138/CE.
([27]) Airteagal 19a(7) den Treoir Chuntasaíochta.
([28]) Leagtar amach na coinníollacha sin in Airteagal 19a(9) den Treoir Chuntasaíochta. Féach freisin Ceist Choitianta 19.
([29]) Airteagal 19a(10) den Treoir Chuntasaíochta.
([30]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) den Treoir Chuntasaíochta.
([31]) Ní féidir an ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a ullmhú ach amháin trí ESRSanna a úsáid áfach. Ní fhéadfaidh máthairghnóthais grúpaí móra ar FBManna iad a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte san Aontas ESRSanna FBManna liostaithe a úsáid.

Ní mór na ceanglais sin a chomhlíonadh bunaithe ar an gcur chuige céimnithe seo a leanas ([32]):

— *le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2024 nó dá éis* (i.e. le foilsiú in 2025): eintitis leasa phoiblí ar máthairghnóthais grúpa mhóir iad a sháraíonn, ar dhátaí a chláir chomhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais;

— *le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2025 nó dá éis* (i.e. le foilsiú in 2026): na máthairghnóthais eile de ghrúpa mór (i.e. máthairghnóthais grúpa mhóir nach '*eintitis leasa phoiblí iad agus/nó nach sáraíonn a ngrúpa ar dhátaí a chláir chomhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais*').

Maidir le máthairghnóthas a fhoilsíonn ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite, tá sé díolmhaithe ón oibleagáid a ráiteas inbhuanaitheachta aonair a fhoilsiú ([33]). Maidir le máthairghnóthas ar foghnóthas é freisin, tá sé díolmhaithe ó ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a fhoilsiú i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sa ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite nó sa tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite de chuid máthairghnóthais eile, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe maidir le hinneachar thuarascáil bhainistíochta an ghnóthais dhíolmhaithe agus maidir le foilsiú na faisnéise inbhuanaitheachta ag an máthairghnóthas ([34]). Gnóthais mhóra a bhfuil urrúis acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas – lena n-áirítear institiúidí beaga neamhchasta, gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing agus lena n-áirítear gnóthais tríú tír chomh maith – , ní féidir leo leas a bhaint as an díolúine sin ([35]).

1.3. *Faisnéis inbhuanaitheachta atá le tuairisciú ar an leibhéal aonair (ráiteas inbhuanaitheachta) nó - i gcás máthairghnóthais grúpaí móra - ar an leibhéal comhdhlúite (ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite) faoi Airteagal 4(5) den Treoir um Thrédhearcacht ag eisitheoirí urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas)*

Bunaithe ar Airteagal 4(5) den Treoir um Thrédhearcacht, lena ndéantar crostagairt d'Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, ní mór d'eisitheoirí urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas ([36]) (beag beann ar cé acu a rialaítear iad le dlí Ballstáit nó le dlí tríú tír), gan micreaghnóthais san áireamh, tuarascáil bhainistíochta a chur isteach ina dtuarascálacha airgeadais bliantúla ina gcuimsítear faisnéis inbhuanaitheachta ar an leibhéal aonair (ráiteas inbhuanaitheachta) nó - i gcás máthairghnóthais grúpaí móra - ar an leibhéal comhdhlúite (ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite) i gcomhréir leis na ceanglais chéanna a shonraítear faoi mhír 1.1 thuas, pointí (i) go (v). Is iad na rialacha maidir le foilsiú na rialacha sin a leagtar síos le haghaidh na tuarascála airgeadais bliantúla faoi Airteagal 4 den Treoir um Thrédhearcacht ([37]).

Maidir le heisitheoirí urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas ar gnóthais mhóra nó FBManna iad (gan micreaghnóthais san áireamh) nó ar máthairghnóthais grúpaí móra iad mar a shainmhínítear sa Treoir Chuntasaíochta, beidh orthu an tuarascáil bhainistíochta a fhoilsiú freisin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Treoir Chuntasaíochta agus a shonraítear faoi mhíreanna 1.1 agus 1.2 thuas. Tá feidhm freisin ag rialacha díolúine faoi Airteagail 19a(8) agus 19a(9) den Treoir Chuntasaíochta.

Ní mór na ceanglais sin a chomhlíonadh bunaithe ar an gcur chuige céimnithe seo a leanas ([38]):

— *le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2024 nó dá éis (i.e. le foilsiú in 2025):* eisitheoirí ar gnóthais mhóra iad a sháraíonn, ar dhátaí a gclár comhardaithe, meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais, chomh maith le heisitheoirí ar máthairghnóthais grúpa mhóir iad a sháraíonn, ar dhátaí a chláir chomhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais;

([32]) Airteagal 5(2), an chéad fhomhír den Treoir Chuntasaíochta.
([33]) Airteagal 29a(7) den Treoir Chuntasaíochta.
([34]) Leagtar amach na coinníollacha sin in Airteagal 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta. Féach freisin Ceist Choitianta 19.
([35]) Airteagal 29a(9) den Treoir Chuntasaíochta.
([36]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (a) agus (d) den Treoir um Thrédhearcacht.
([37]) Leis na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach sa Treoir um Thrédhearcacht arna leasú leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, ní mhodhnaítear an sprioc-am foilsithe atá ann cheana le haghaidh na tuarascála airgeadais bliantúla (lena gcuimsítear an tuarascáil bhainistíochta) a shonraítear in Airteagal 4(1) den Treoir um Thrédhearcacht, i.e. 4 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta an chláir chomhardaithe.
([38]) Airteagal 5(2), an tríú fomhír den Treoir Chuntasaíochta.

— *le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2025 nó dá éis (i.e. le foilsiú in 2026):* eisitheoirí eile ar gnóthais mhóra iad, chomh maith le heisitheoirí eile ar máthairghnóthais grúpa mhóir iad;

— *le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2026 nó ina dhiaidh sin (i.e. le foilsiú in 2027):*

  — eisitheoirí ar FBManna iad (gan micreaghnóthais san áireamh);

  — eisitheoirí a shainmhínítear mar institiúidí beaga neamhchasta ar choinníoll gur gnóthais mhóra nó FBManna iad (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas; agus

  — eisitheoirí a shainmhínítear mar ghnóthais árachais faoi chuing agus mar ghnóthais athárachais faoi chuing ar choinníoll gur gnóthais mhóra nó FBManna iad (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas.

2. **Ullmhú, dearbhú agus foilsiú na faisnéise inbhuanaitheachta atá le tuairisciú faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta (tuarascáil inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe)**

Bunaithe ar Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta, i gcás ina bhfuil foghnóthas san Aontas atá faoi réir Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta ag gnóthas tríú tír a ghineann glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún san Aontas (le haghaidh gach ceann den 2 bhliain airgeadais dheireanacha as a chéile), nó, in éagmais foghnóthas den sórt sin, brainse san Aontas a ghin glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún (sa bhliain airgeadais roimhe sin), beidh ar an bhfoghnóthas nó ar an mbrainse faisnéis inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus a chur ar fáil ar leibhéal grúpa an mháthairghnóthais tríú tír.

Tá inneachar teoranta sa tuarascáil inbhuanaitheachta sin atá le soláthar faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta i gcomparáid leis an 'ráiteas inbhuanaitheachta' atá le soláthar faoi Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta. Faisnéis áirithe a éilítear sa ráiteas inbhuanaitheachta, ní éilítear an fhaisnéis sin sa tuarascáil inbhuanaitheachta, go háirithe faisnéis maidir le hathléimneacht, deiseanna, agus rioscaí, ós rud é gurb é atá beartaithe thar aon ní eile an tuarascáil inbhuanaitheachta a dhíriú ar thionchair inbhuanaitheachta ([39]).

Ní mór an tuarascáil inbhuanaitheachta a bheith i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

— ní mór í a ullmhú i gcomhréir le ESRSanna le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe arna nglacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe ón gCoimisiún ([40]);

— ní mór í a bheith faoi réir dearbhú ([41]);

— ní mór do na foghnóthais nó do na brainsí ábhartha atá bunaithe nó lonnaithe san Aontas í a fhoilsiú in éineacht leis an tuairim dhearbhaithe maidir leis an tuarascáil inbhuanaitheachta ([42]).

Má ullmhaíonn an máthairghnóthas tríú tír an tuarascáil inbhuanaitheachta i gcomhréir le ESRSanna (in ionad í a ullmhú i gcomhréir le ESRSanna le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe), ní gá don fhoghnóthas nó don bhrainse an tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú i gcomhréir le ESRSanna le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe. Sa chás sin, bheadh feidhm ag na díolúintí faoi Airteagal 19a(9) agus Airteagal 29a(8).

Ní mór na ceanglais sin a chomhlíonadh le haghaidh gach bliana airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2028 nó ina dhiaidh sin ([43]).

([39]) Airteagal 40a(1) den Treoir Chuntasaíochta: '[...] *tuarascáil inbhuanaitheachta lena gcumhdaítear an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 29a(2), pointí (a)(iii) go (a)(v), pointí (b) go (f) agus, i gcás inarb iomchuí, pointe (h)*'.

([40]) Airteagal 40a(2), an chéad fhomhír agus Airteagal 40b den Treoir Chuntasaíochta. Maidir leis an teorainn ama don Choimisiún chun ESRSanna a ghlacadh le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe, cuireadh siar í go dtí an 30 Meitheamh 2026 le Treoir (AE) 2024/1306 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh earnálacha áirithe agus le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe (IO L, 2024/1306, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1306/oj).


([41]) Airteagal 40a(3) den Treoir Chuntasaíochta.

([42]) Airteagal 40d den Treoir Chuntasaíochta.

([43]) Airteagal 5(2), an dara fomhír den Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach: '*Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm na bearta is gá chun Airteagal 1, pointe (14) a chomhlíonadh le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2028 nó dá éis.*'

Sreabhchairt chun na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta is infheidhme maidir le gach cineál gnóthais agus an dáta sonrach cur i bhfeidhm a shainaithint

Léirítear sa tsreabhchairt thíos an próiseas chun a chinneadh an bhfuil eintiteas faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta agus chun an bhliain airgeadais óna bhfuil sé faoi réir na gceanglas sin a chinneadh.



- **Micreaghnóthais (Airt. 3(1) den Treoir Chuntasaíochta)** = gnóthais nach sáraíonn ar dhátaí a gcláir chomhardaithe teorainneacha dhá cheann ar a laghad de na trí chritéar seo a leanas: (a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 450 000; (b) glanláimhdeachas: EUR 900 000; (c) meánlíon fostaithe le linn na bliana airgeadais: 10.
- **FBManna (Airt. 3(1), (2) agus (3) den Treoir Chuntasaíochta)** = gnóthais nach sáraíonn ar dhátaí a gcláir chomhardaithe teorainneacha dhá cheann ar a laghad de na trí chritéar seo a leanas: (a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 25 000 000; (b) glanláimhdeachas: EUR 50 000 000; (c) meánlíon fostaithe le linn na bliana airgeadais: 250.
- **Gnóthais mhóra (Airt. 3(4) den Treoir Chuntasaíochta)** = gnóthais a sháraíonn ar dhátaí a gcláir chomhardaithe dhá cheann ar a laghad de na trí chritéar seo a leanas: (a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 25 000 000; (b) glanláimhdeachas: EUR 50 000 000; (c) meánlíon fostaithe le linn na bliana airgeadais: 250.
- **Grúpaí móra (Airt. 3(7) den Treoir Chuntasaíochta)** = grúpaí ina bhfuil máthairghnóthais agus foghnóthais atá le háireamh i gcomhdhlúthú agus a sháraíonn, ar bhonn comhdhlúite, teorainneacha dhá cheann ar a laghad de na trí chritéar seo a leanas ar dháta chlár comhardaithe an mháthairghnóthais: (a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 25 000 000; (b) glanláimhdeachas: EUR 50 000 000; (c) meánlíon fostaithe le linn na bliana airgeadais: 250.

Amlíne chun ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm

Léirítear sa tábla thíos na dátaí cur i bhfeidhm éagsúla le haghaidh na gcineálacha éagsúla gnóthas atá faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta.

	An bhliain airgeadais 2024 (ag tuairisciú in 2025)	**An bhliain airgeadais 2025 (ag tuairisciú in 2026)**	**An bhliain airgeadais 2026 (ag tuairisciú in 2027)**	**An bhliain airgeadais 2027 (ag tuairisciú in 2028)**	**An bhliain airgeadais 2028 (ag tuairisciú in 2029)**
Gnóthais mhóra ar eintitis leasa phoiblí iad (lena n-áirítear eisitheoirí tríú tír) > 500 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna)**
Eintitis leasa phoiblí (lena n-áirítear eisitheoirí tríú tír) ar máthairghnóthais grúpa mhóir iad > 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite le linn na bliana airgeadais	**Ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite (ESRSanna)**
Gnóthais mhóra (lena n-áirítear eisitheoirí tríú tír) nach '*eintitis leasa phoiblí iad > 500 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais*'	N/B	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna)**
Máthairghnóthais grúpa mhóir (lena n-áirítear eisitheoirí tríú tír) nach '*eintitis leasa phoiblí iad > 500 fostaí ar an meán ar bhonn comhdhlúite le linn na bliana airgeadais*'	N/B	**Ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite (ESRSanna)**	**Ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite (ESRSanna)**
FBManna liostaithe, institiúidí beaga neamhchasta, gnóthais athárachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing (lena n-áirítear eisitheoirí tríú tír)	N/B	N/B	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna nó ESRSanna FBManna liostaithe)** (*)	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna nó ESRSanna FBManna liostaithe)** (*)	**Ráiteas inbhuanaitheachta aonair (ESRSanna nó ESRSanna FBManna liostaithe)***
Foghnóthais de réir na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (nó, ina éagmais sin, brainsí san Aontas a bhfuil glanláimhdeachas acu san Aontas > EUR 40 milliún) de ghnóthais neamhliostaithe tríú tír a bhfuil glanláimhdeachas acu san Aontas > EUR 150 milliún	N/B	N/B	N/B	N/B	**Tuarascáil inbhuanaitheachta (ESRSanna le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe nó ESRSanna)**

(*) D'fhéadfaí rogha an diúltaithe a dhéanamh

CEANGLAIS D'INIÚCHÓIRÍ REACHTÚLA AGUS DO SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ DEARBHAITHE NEAMHSPLEÁCHA

1. **Dearbhú na faisnéise inbhuanaitheachta atá le tuairisciú faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta (ráiteas inbhuanaitheachta)**

Faoi Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) den Treoir Chuntasaíochta, ní mór d'aon ghnóthas atá faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta tuairim dhearbhaithe a fháil maidir leis an ráiteas inbhuanaitheachta ina thuarascáil bhainistíochta ([44]).

Ón gcéad bhliain de chur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta, ní mór an tuairim dhearbhaithe sin a bheith bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta a mhéid a bhaineann leis an ráiteas inbhuanaitheachta a bheith i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas ([45]):

— na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta dá bhforáiltear sa Treoir Chuntasaíochta (lena n-áirítear an tuairisciú inbhuanaitheachta a bheith i gcomhréir le ESRSanna arna nglacadh de bhun Airteagail 29b/29c den Treoir Chuntasaíochta ag, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na ESRSanna sin a shainaithint, agus comhlíonadh an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil i gcomhréir le hAirteagal 29d den Treoir Chuntasaíochta); agus

— na ceanglais tuairiscithe dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Bunaithe ar Airteagal 26a den Treoir Iniúchóireachta, tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin dearbhaithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh dearbhú teoranta faoin 1 Deireadh Fómhair 2026 ([46]).

Tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin dearbhaithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh dearbhú réasúnach faoin 1 Deireadh Fómhair 2028, tar éis measúnú a dhéanamh chun a chinneadh an bhfuil dearbhú réasúnach indéanta d'iniúchóirí agus do ghnóthais ([47]).

Go dtí go nglacfaidh an Coimisiún caighdeáin dearbhaithe maidir leis an ábhar sin, féadfaidh na Ballstáit caighdeáin, nósanna imeachta nó ceanglais náisiúnta dearbhaithe a chur i bhfeidhm lena gcumhdaítear an t-ábhar sin ([48]).

Bunaithe ar Airteagal 34 den Treoir Chuntasaíochta, féadfaidh na catagóirí soláthraithe dearbhaithe seo a leanas an tuairim maidir leis an tuairisciú inbhuanaitheachta a chur in iúl:

— an t-iniúchóir reachtúil a dhéanann iniúchóireacht ar ráitis airgeadais an ghnóthais ábhartha ([49]);

([44]) Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) den Treoir Chuntasaíochta: *'Déanfaidh an t-iniúchóir reachtúil/na hiniúchóirí reachtúla nó an gnólacht iniúchóireachta/na gnólachtaí iniúchóireachta an méid seo a leanas freisin:* [...] *(aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a thabhairt bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta a mhéid a bhaineann leis an tuairisciú inbhuanaitheachta a bheith i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo* [...]'.

([45]) Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) den Treoir Chuntasaíochta: *'Déanfaidh an t-iniúchóir reachtúil/na hiniúchóirí reachtúla nó an gnólacht iniúchóireachta/na gnólachtaí iniúchóireachta an méid seo a leanas freisin:* [...] *(aa) i gcás inarb infheidhme, tuairim a chur in iúl bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta a mhéid a bhaineann leis an tuairisciú inbhuanaitheachta a bheith i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo, lena n-áirítear an tuairisciú inbhuanaitheachta a bheith i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta arna nglacadh de bhun Airteagal 29b nó 29c, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta sin a shainaithint, agus comhlíonadh an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil i gcomhréir le hAirteagal 29d, agus a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas tuairiscithe dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852;* […]'

([46]) Airteagal 26a(1) agus (3), an chéad fhomhír, an Treoir Iniúchóireachta: '*Ceanglóidh na Ballstáit ar iniúchóirí reachtúla agus ar ghnólachtaí iniúchóireachta dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin dearbhaithe arna nglacadh ag an gCoimisiún* [...]. *Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 1 Deireadh Fómhair 2026, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh [...] chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin dearbhaithe theoranta ina leagtar amach na nósanna imeachta a fheidhmeoidh an t-iniúchóir nó na hiniúchóirí agus an gnólacht iniúchóireachta nó na gnólachtaí iniúchóireachta chun teacht ar a chonclúidí maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear pleanáil dearbhaithe iontaofachta, breithniú riosca agus freagairt ar rioscaí agus cineál na gconclúidí atá le háireamh sa tuarascáil dearbhaithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, nó, i gcás inarb ábhartha, sa tuarascáil iniúchóireachta* [...]'.

([47]) Airteagal 26a(3), an dara fomhír den Treoir Iniúchóireachta: *'Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 1 Deireadh Fómhair 2028, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh* [...] *chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin dearbhaithe réasúnaigh, tar éis measúnú a dhéanamh chun a chinneadh an bhfuil dearbhú réasúnach indéanta d'iniúchóirí agus do ghnóthais. Agus torthaí an mheasúnaithe sin á gcur san áireamh agus, dá bhrí sin, más iomchuí, sonrófar sna gníomhartha tarmligthe sin an dáta óna mbeidh an tuairim dá dtagraítear i bpointe (aa) den dara fomhír d'Airteagal 34(1) le bheith bunaithe ar dhearbhú iontaofachta réasúnach atá bunaithe ar na caighdeáin dearbhaithe réasúnaigh sin.'.*

([48]) Airteagal 26a(2), an chéad fhomhír den Treoir Iniúchóireachta: *'Féadfaidh na Ballstáit caighdeáin, nósanna imeachta nó ceanglais náisiúnta dearbhaithe a chur i bhfeidhm fad nach mbeidh caighdeán dearbhaithe glactha ag an gCoimisiún lena gcumhdaítear an t-ábhar céanna.'.*

([49]) Airteagal 34(1), an chéad fhomhír den Treoir Chuntasaíochta: '*Airitheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh iniúchóir reachtúil amháin nó níos mó nó gnólacht iniúchóireachta amháin nó níos mó arna bhformheas ag na Ballstáit chun iniúchtaí reachtúla a dhéanamh ar bhonn Threoir 2006/43/CE iniúchadh ar ráitis airgeadais eintiteas leasa phoiblí, gnóthas meánmhéide agus gnóthas mór.*'

— iniúchóir reachtúil seachas an t-iniúchóir a dhéanann iniúchadh ar na ráitis airgeadais (i gcás ina gceadaíonn Ballstát é sin) ([50]);

— Soláthraí Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleách (i gcás ina gceadaíonn Ballstát é sin) ([51]).

Má chinneann Ballstát cead a thabhairt do sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách an tuairim dhearbhaithe maidir leis an tuairisciú inbhuanaitheachta a chur in iúl, ceadóidh sé freisin d'iniúchóir reachtúil seachas an ceann nó na cinn a dhéanann an t-iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais déanamh amhlaidh ([52]).

2. **Dearbhú na faisnéise inbhuanaitheachta atá le tuairisciú faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta (tuarascáil inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe)**

Faoi Airteagal 40a(3), an chéad fhomhír den Treoir Chuntasaíochta, ní mór do na foghnóthais nó na brainsí atá faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta tuairim dhearbhaithe a fháil maidir leis an tuarascáil inbhuanaitheachta ([53]). Tá an máthairghnóthas tríú tír freagrach as an tuairim dhearbhaithe maidir leis an tuarascáil inbhuanaitheachta a sholáthar don fhoghnóthas nó don bhrainse ábhartha ([54]).

Ní mór baint a bheith ag an tuairim dhearbhaithe sin le comhréireacht na tuarascála inbhuanaitheachta sin leis na ceanglais ábhartha a leagtar amach sa Treoir Chuntasaíochta, lena n-áirítear comhréireacht na tuarascála inbhuanaitheachta le ESRSanna arna nglacadh de bhun Airteagal 40b den Treoir Chuntasaíochta.

Ní mór an tuairim dhearbhaithe sin a bheith curtha in iúl ag duine nó gnólacht amháin nó níos mó atá údaraithe chun tuairim a thabhairt maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi dhlí náisiúnta an ghnóthais tríú tír nó faoi dhlí náisiúnta Ballstáit ([55]).

3. **Soláthraithe dearbhaithe: coinníollacha maidir le dearbhú inbhuanaitheachta a sholáthar**

I gcás inar mian le hiniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta atá formheasta chun an t-iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais laistigh de Bhallstát go bhformheasfaí é chun dearbhú a sholáthar maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, beidh air na bearta náisiúnta lena dtrasuitear na ceanglais ábhartha a leagtar amach sa Treoir Iniúchóireachta a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta.

Cumhdaítear leis na ceanglais sin go háirithe cáilíochtaí oideachais, scrúduithe ar inniúlacht ghairmiúil, tástálacha ar eolas teoiriciúil, oiliúint phraiticiúil agus oideachas leanúnach. Níl comhlíonadh na gceanglas sin sainordaitheach i gcás nach soláthraíonn an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta dearbhú maidir leis an tuairisciú inbhuanaitheachta.

Maidir le hiniúchóirí reachtúla a formheasadh roimh an 1 Eanáir 2026 – a formheasadh roimh an 1 Eanáir 2024 iad nó a bhí ag dul faoin bpróiseas formheasa an 1 Eanáir 2024 – ar mian leo dearbhú inbhuanaitheachta a dhéanamh freisin, ní gá dóibh na ceanglais sin a chomhlíonadh, ach ní mór dóibh fós an t-eolas is gá a fháil trí oideachas leanúnach ([56]).

([50]) Airteagal 34(3) den Treoir Chuntasaíochta: *'Féadfaidh na Ballstáit a cheadú d'iniúchóir reachtúil nó do ghnólacht iniúchóireachta seachas an ceann nó na cinn a dhéanann an t-iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais an tuairim dhearbhaithe dá dtagraítear i bpointe (aa) den dara fomhír de mhír 1 a chur in iúl.'*

([51]) Airteagal 34(4), an chéad fhomhír den Treoir Chuntasaíochta: '[...] *Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách atá bunaithe ina gcríoch an tuairim dá dtagraítear i mír 1. an dara fomhír, pointe (aa) a chur in iúl* [...].'

([52]) Airteagal 34(4), an séú fomhír den Treoir Chuntasaíochta: *'Má chinneann Ballstát, de bhun na chéad fhomhíre, a cheadú do sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách an tuairim dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa) a chur in iúl, ceadóidh sé freisin d'iniúchóir reachtúil seachas an ceann nó na cinn a dhéanann an t-iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais déanamh amhlaidh, mar a fhoráiltear i mír 3.'*

([53]) An chéad fhomhír d'Airteagal 40a(3) den Treoir Chuntasaíochta: *'Ceanglóidh na Ballstáit go bhfoilseofar an tuarascáil inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 agus go mbeidh tuairim dhearbhaithe ag gabháil léi [...]'.*

([54]) Airteagal 40a(3), an dara fomhír den Treoir Chuntasaíochta: *'I gcás nach soláthraíonn an gnóthas tríú tír an tuairim dhearbhaithe i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, eiseoidh an foghnóthas nó an brainse ráiteas ina léirítear nár chuir an gnóthas tríú tír an tuairim dhearbhaithe is gá ar fáil.'*

([55]) An chéad fhomhír d'Airteagal 40a(3) den Treoir Chuntasaíochta: *'Ceanglóidh na Ballstáit go bhfoilseofar an tuarascáil inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 agus go mbeidh tuairim dhearbhaithe ag gabháil léi, ar tuairim í arna cur in iúl ag duine nó gnólacht amháin nó níos mó atá údaraithe chun tuairim a thabhairt maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi dhlí náisiúnta an ghnóthais tríú tír nó faoi dhlí Ballstáit.'.*

([56]) Airteagal 14a den Treoir Iniúchóireachta.

Féadfaidh Soláthraithe Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleácha dearbhú maidir leis an tuairisciú inbhuanaitheachta a sholáthar i gcás ina gceadaíonn Ballstát é sin ([57]) agus faoi na coinníollacha seo a leanas:

— Tá an soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách creidiúnaithe chun an tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ([58]) ([59]); agus

— comhlíonann an soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách ceanglais atá coibhéiseach leo sin a leagtar amach sa Treoir Iniúchóireachta maidir le hiniúchóirí reachtúla san Aontas chun dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh ([60]). Baineann na ceanglais sin leis an méid seo a leanas go háirithe: (a) oiliúint agus scrúdú; (b) oideachas leanúnach; (c) córais dearbhaithe cáilíochta; (d)eitic ghairmiúil, neamhspleáchas, oibiachtúlacht, rúndacht agus rúndacht ghairmiúil; (e) ceapadh agus dífhostú; (f) imscrúduithe agus smachtbhannaí; (g) obair an tsoláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách a eagrú, go háirithe i dtéarmaí acmhainní leordhóthanacha agus pearsanra leordhóthanach agus taifid agus comhaid chuntais na gcliant a chothabháil; agus (h) neamhrialtachtaí a thuairisciú.

Ón 6 Eanáir 2027, Ballstát a cheadaíonn do sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha seirbhísí dearbhaithe a dhéanamh maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta ina chríoch, ceadóidh sé do sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha atá bunaithe i mBallstáit eile dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh ina chríoch ([61]).

Maidir le hiniúchóirí tríú tír agus eintitis iniúchóireachta a sholáthraíonn dearbhú inbhuanaitheachta do ghnóthais atá bunaithe i dtríú tír a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh Ballstáit atá rialáilte san Aontas, ní mór iad a bheith cláraithe sa Bhallstát sin ([62]).

ROINN III

CEISTEANNA COITIANTA MAIDIR LE FAISNÉIS INBHUANAITHEACHTA ATÁ LE TUAIRISCIÚ FAOI AIRTEAGAIL 19A/29A DEN TREOIR CHUNTASAÍOCHTA (RÁITEAS INBHUANAITHEACHTA AONAIR AGUS COMHDHLÚITE)

RAON FEIDHME AGUS DÁTAÍ CUR I BHFEIDHM

1) **Cén bhliain airgeadais a úsáidtear chun an tráth a thagann gnóthas faoi chatagóir áirithe méide gnóthas a chinneadh: bliain airgeadais na bliana tuairiscithe nó an bhliain airgeadais roimh an mbliain tuairiscithe?**

([57]) Airteagal 34(4), an chéad fhomhír den Treoir Chuntasaíochta.

([58]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

([59]) Airteagal 2, pointe (20), an Treoir Chuntasaíochta: *'ciallaíonn "soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách" comhlacht um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh na gníomhaíochta sonraí um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) den Treoir seo.'*

([60]) Airteagal 34(4), an chéad fhomhír den Treoir Chuntasaíochta: *'Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách atá bunaithe ina gcríoch an tuairim dhearbhaithe dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (aa) a chur in iúl, ar choinníoll go bhfuil an soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách sin faoi réir ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 22 den Treoir sin, go háirithe na ceanglais maidir leis an méid seo a leanas: (a) oiliúint agus scrúdú, lena n-áirithítear go bhfaighidh soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha an saineolas is gá maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta agus an tuairisciú inbhuanaitheachta a dhearbhú; (b) oideachas leanúnach; (c) córais dearbhaithe cáilíochta; (d)eitic ghairmiúil, neamhspleáchas, oibiachtúlacht, rúndacht agus rúndacht ghairmiúil; (e) ceapadh agus dífhostú; (f) imscrúduithe agus smachtbhannaí; (g) obair an tsoláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách a eagrú, go háirithe i dtéarmaí acmhainní leordhóthanacha agus pearsanra leordhóthanach agus taifid agus comhaid chuntais na gcliant a chothabháil; agus (h) neamhrialtachtaí a thuairisciú.*

([61]) Airteagal 34(5), an chéad fhomhír den Treoir Chuntasaíochta: *'Ón 6 Eanáir 2027 ar aghaidh, Ballstát a bhain úsáid as an rogha dá bhforáiltear i mír 4 ("an Ballstát óstach"), ceadóidh sé do sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách atá bunaithe i mBallstát eile seachas an Ballstát óstach ("an Ballstát baile") dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh.'*

([62]) Airteagal 45 den Treoir Iniúchóireachta.

Tá na rialacha chun méid gnóthais a chinneadh chun críoch tuairiscithe inbhuanaitheachta ag brath ar na rialacha atá ann cheana chun críoch tuairiscithe airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir leis an ngnóthas ar bhonn an Bhallstáit ina bhfuil a oifig chláraithe aige ([63]). Leagtar amach na rialacha sin sna bearta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir Chuntasaíochta atá ann cheana.

2) **Má thagann athrú ar ghnóthas le linn bliain airgeadais ar leith sa chaoi go gcomhlíonann sé na critéir lena chur san áireamh i gcatagóir éagsúil gnóthas, an gceanglaítear air tús a chur le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú de réir na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcatagóir nua sin don bhliain airgeadais chéanna sin nó an é nach gceanglaítear air sin a dhéanamh go dtí go mbeidh na critéir comhlíonta ar feadh dhá bhliain airgeadais as a chéile?**

Na rialacha chun catagóir méide gnóthais a chinneadh chun críoch tuairiscithe inbhuanaitheachta, nuair atá athrú ag teacht ar an ngnóthas sin le linn bliain airgeadais ar leith, braitheann siad ar na rialacha atá ann cheana chun críoch tuairiscithe airgeadais (féach freisin Ceist Choitianta 1). Leagtar amach na rialacha sin sna bearta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir Chuntasaíochta atá ann cheana.

3) **Conas a ríomhtar an meánlíon fostaithe chun an gnóthas a aicmiú faoin Treoir Chuntasaíochta?**

Ní rialaítear le reachtaíocht an Aontais ríomh an mheánlín fostaithe chun an gnóthas a aicmiú faoin Treoir Chuntasaíochta. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghlac na Ballstáit rialacha náisiúnta nó gur thug siad treoir ar an ábhar sin. In éagmais rialacha nó treoir náisiúnta, féadfaidh gnóthais úsáid a bhaint as Airteagal 5 den Mholadh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus ar fhiontair mheánmhéide ([64]) mar threoir maidir leis an líon foirne a thomhas, mar ionadú ar mheánlíon fostaithe: '[...] *Comhfhreagraíonn an líon foirne don líon aonad oibre bliantúil, i.e. an líon daoine a d'oibrigh go lánaimseartha laistigh den fhiontar atá i gceist nó thar a cheann le linn na bliana tagartha iomláine atá á meas. Cuirtear obair daoine nár oibrigh go lánaimseartha le linn na bliana iomláine, obair iad siúd a d'oibrigh go páirtaimseartha, gan beann ar an bhfad, agus obair oibrithe séasúracha san áireamh mar chodáin d'aonaid oibre bhliantúla. Is éard atá san fhoireann: (a) fostaithe; (b) daoine atá ag obair don fhiontar, atá faoina réir agus a mheastar a bheith ina bhfostaithe faoin dlí náisiúnta; (c) bainisteoirí ar úinéirí iad; (d) comhpháirtithe a ghabhann do ghníomhaíocht rialta san fhiontar agus a bhaineann tairbhe as buntáistí airgeadais ón bhfiontar. Ní dhéantar printísigh ná mic léinn a ghabhann do ghairmoiliúint a bhfuil conradh printíseachta nó gairmoiliúna acu a áireamh mar bhaill den fhoireann. Ní chuirtear tréimhsí saoire máithreachais ná tuismitheoireachta san áireamh.*'

4) **Maidir le FBManna nach bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas, an gceanglaítear orthu faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Ní cheanglaítear ar FBManna nach bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar leibhéal aonair faoi Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta (ráiteas inbhuanaitheachta aonair). Ceanglaítear orthu, áfach, faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar an leibhéal comhdhlúite faoi Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta (ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite) más máthairghnóthais grúpa mhóir iad ([65]). Tá feidhm ag Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta gan beann ar mhéid an mháthairghnóthais.

5) **An gceanglaítear ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnóthais árachais faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil?**

([63]) I gcás gnóthais a bhfuil urrúis acu a ligtear isteach chun a dtrádála, is iad na rialacha tuairiscithe airgeadais is infheidhme rialacha an Bhallstáit Baile mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), bpointe (i) den Treoir um Thrédhearcacht (i.e. an Ballstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an ngnóthas nó ceann de na Ballstáit ina bhfuil a urrúis ag an ngnóthas a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas).

([64]) Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

([65]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) den Treoir Chuntasaíochta.

Ceanglaítear. De bhun Airteagal 1(3) den Treoir Chuntasaíochta, cuimsítear institiúidí creidmheasa ([66]) agus gnóthais árachais ([67]), lena n-áirítear comharchumainn agus gnóthais fhrithpháirteacha, faoi raon feidhme Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta (ráiteas inbhuanaitheachta aonair) gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil más gnóthais mhóra nó FBManna iad (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas. Cuimsítear freisin iad faoi raon feidhme Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta (ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite) gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil i gcás inar máthairghnóthas grúpa mhóir iad.

De bhun Airteagal 1(3), pointe (b), an dara habairt den Treoir Chuntasaíochta, féadfaidh na Ballstáit a roghnú gan na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, maidir le hinstitiúidí creidmheasa sonracha ([68]).

6) **An gceanglaítear ar institiúidí airgeadais – seachas gnóthais árachais agus institiúidí creidmheasa – faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Ceanglaítear. Cuimsítear institiúidí airgeadais – seachas gnóthais árachais agus institiúidí creidmheasa – faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta i gcás ina gcomhlíonann siad an dá cheanglas seo a leanas:

— Is gnóthais iad atá corpraithe mar chineál gnóthais a liostaítear in Iarscríbhinn I nó II a ghabhann leis an Treoir Chuntasaíochta ([69]);

— gur gnóthais mhóra nó FBManna iad (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas (Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta) agus/nó gur máthairghnóthais grúpa mhóir iad (Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta).

7) **Más rud é go gceanglaítear ar Institiúid Bheag Neamhchasta faoi láthair faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú faoi Threoir 2014/95/AE, an gá di leanúint d'fhaisnéis neamhairgeadais a thuairisciú i gcomhréir le forálacha na Treorach sin go dtí go mbeidh feidhm ag córas na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach maidir le hinstitiúidí beaga neamhchasta (i.e. ó bhlianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2026 nó dá éis)?**

Is gá. Institiúid bheag neamhchasta ar gnóthas mór nó FBM í (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe aici a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas, bunaithe ar Airteagal 5(2) den Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, ceanglófar uirthi faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú i gcomhréir le ESRSanna (nó, de rogha air sin, le ESRSanna FBManna liostaithe) ón mbliain airgeadais 2026 ar aghaidh. Dá bhrí sin, maidir le hinstitiúid bheag neamhchasta a gceanglaítear uirthi faoi láthair faisnéis neamhairgeadais a thuairisciú faoi Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta mar a tugadh isteach le Treoir 2014/95/AE ([70]) (i.e. toisc, chomh maith le bheith ina hinstitiúid creidmheasa, gur gnóthas mór í freisin a sháraíonn ar dhátaí a cláir chomhardaithe an critéar maidir le meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais), bheadh uirthi leanúint de thuairisciú a dhéanamh faoi chóras Threoir 2014/95/AE go dtí go dtiocfadh córas na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach chun bheith infheidhme maidir le hinstitiúidí beaga neamhchasta (i.e. ón mbliain airgeadais 2026 ar aghaidh).

8) **Más máthairghnóthas grúpa mhóir í Institiúid Bheag Neamhchasta, an féidir leis an Institiúid Bheag Neamhchasta sin tairbhe a bhaint as an maolú faoi Airteagal 19a(6) den Treoir Chuntasaíochta agus tuairisciú inbhuanaitheachta a ullmhú i gcomhréir le ESRSanna FBManna liostaithe?**

([66]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([67]) De réir bhrí Airteagal 2(1) de Threoir 91/674/CEE ón gComhairle.

([68]) Airteagal 1(3), pointe (b), an dara habairt, an Treoir Chuntasaíochta: *'Féadfaidh na Ballstáit a roghnú gan na bearta comhordúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a chur i bhfeidhm maidir leis na gnóthais a liostaítear in Airteagal 2(5), pointí (2) go (23) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.'*

([69]) Airteagal 1(1) den Treoir Chuntasaíochta: '1. *Beidh feidhm ag na bearta comhordúcháin a fhorordaítear leis an Treoir seo maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na cineálacha gnóthas a liostaítear: (a) in Iarscríbhinn I; (b) in Iarscríbhinn II, i gcás ina bhfuil dliteanas teoranta iarbhír ag comhaltaí díreacha nó indíreacha uile an ghnóthais a bhfuil dliteanas neamhtheoranta acu seachas sin toisc gur gnóthais iad na comhaltaí sin:(i) atá de na cineálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I; nó (ii) nach rialaítear le dlí Ballstáit ach atá i bhfoirm dhlíthiúil atá inchomparáide leosan a liostaítear in Iarscríbhinn I.* […]'.

([70]) Treoir 2014/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le nochtadh na faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe (IO L 330, 15.11.2014, lch. 1).

Más máthairghnóthas grúpa mhóir é gnóthas (gan beann ar an méid nó ar an gcineál sonrach, e.g. institiúidí beaga neamhchasta san áireamh), ní mór dó ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a ullmhaítear i gcomhréir le ESRSanna a fhoilsiú faoi Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta. Níl feidhm ag an bhféidearthacht ESRSanna FBManna liostaithe a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 19a(6) den Treoir Chuntasaíochta ach amháin maidir le FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis acu atá liostaithe ar mhargadh rialáilte san Aontas agus maidir le hinstitiúidí beaga neamhchasta, gnóthais árachais faoi chuing nó gnóthais athárachais faoi chuing (ar choinníoll gur gnóthais mhóra nó FBManna iad - gan micreaghnóthais san áireamh - a bhfuil urrúis acu atá liostaithe ar mhargadh rialáilte san Aontas chun a ráiteas inbhuanaitheachta aonair a ullmhú. Féach freisin Ceist Choitianta 10).

9) **Más máthairghnóthas grúpa mhóir í Institiúid Bheag Neamhchasta, cén uair is gá di tús a chur le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú?**

Más máthairghnóthas grúpa mhóir í institiúid bheag neamhchasta, ní mór di tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite a fhoilsiú agus ESRSanna á n-úsáid aici ón mbliain airgeadais 2024 (más Eintiteas Leasa Phoiblí í an institiúid bheag neamhchasta a sháraíonn, ar dháta a cláir chomhardaithe, ar bhonn comhdhlúite, meánlíon 500 fostaí le linn na bliana airgeadais) nó ón mbliain airgeadais 2025 (i ngach cás eile).

10) **Más máthairghnóthas grúpa mhóir í institiúid bheag neamhchasta ach nach gceanglaítear uirthi ráitis airgeadais chomhdhlúite a eisiúint toisc go bhfuil a foghnóthais uile neamhábhartha, an gceanglaítear ar an institiúid bheag neamhchasta sin fós ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a ullmhú agus a fhoilsiú?**

Ní cheanglaítear. Tá feidhm ag Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta maidir le máthairghnóthais grúpaí móra. Mar sin féin, más rud é go bhfuil máthairghnóthas grúpa mhóir díolmhaithe ó ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú agus a fhoilsiú bunaithe ar Airteagal 23(10) den Treoir Chuntasaíochta (i.e. toisc nach bhfuil ach foghnóthais aige atá neamhábhartha, ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile araon, nó toisc gur féidir a fhoghnóthais uile a eisiamh ó chomhdhlúthú de bhua Airteagal 23(9) den Treoir Chuntasaíochta), ní cheanglaítear ar an máthairghnóthas sin ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a ullmhú agus a fhoilsiú. Mar sin féin, a mhéid gur gnóthas mór ann féin é máthairghnóthas den sórt sin mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) den Treoir Chuntasaíochta agus dá bhrí sin go dtiocfadh sé faoi raon feidhme Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta, ní mór don ghnóthas sin ráiteas inbhuanaitheachta aonair a ullmhú agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta. Ní mór na foghnóthais a chur san áireamh sa ráiteas inbhuanaitheachta aonair sin agus tuairisciú á dhéanamh ar a shlabhra luacha i gcomhréir le ESRSanna.

11) **An gceanglaítear ar Ghnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe agus Cistí Infheistíochta Malartacha faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Ní cheanglaítear. Bunaithe ar Airteagal 1(4) den Treoir Chuntasaíochta, tá Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe agus Cistí Infheistíochta Malartacha díolmhaithe ó fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoin Treoir Chuntasaíochta fiú má thagann na táirgí airgeadais sin faoi raon feidhme na Treorach Cuntasaíochta ([71]).

12) **An gceanglaítear ar ghnóthais a bhainistíonn Comhinfheistíochtaí in Urrúis Inaistrithe agus Cistí Infheistíochta Malartacha faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Is é is aidhm d'Airteagal 1(4) den Treoir Chuntasaíochta Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe agus Cistí Infheistíochta Malartacha a eisiamh ó na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta.

Mar sin féin, thiocfadh gnóthais a bhainistíonn Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe agus Cistí Infheistíochta Malartacha faoi raon feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta i gcás ina gcomhlíonann siad na coinníollacha maidir le foirm dhlíthiúil faoi Airteagal 1(1) den Treoir Chuntasaíochta, agus i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir maidir le méid cuideachta faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta.

([71]) Airteagal 1(4) den Treoir Chuntasaíochta: '*Ní bheidh feidhm ag na bearta comhordúcháin a fhorordaítear le hAirteagail 19a, 29a agus 29d maidir le táirgí airgeadais a liostaítear in Airteagal 2, pointe (12), pointí (b)* [i.e. Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe] *agus (f)* [i.e. Cistí Infheistíochta Malartacha] *de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [i.e. RNAI]'.

13) **An gceanglaítear ar Chistí arna dTrádáil ar an Malartán agus Iontaobhais Infheistíochta Eastáit Réadaigh faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Maidir le Cistí arna dTrádáil ar an Malartán, ós rud é go mbunaítear na táirgí airgeadais sin mar Chomhinfheistíochtaí in Urrúis Inaistrithe nó Cistí Infheistíochta Malartacha , tá feidhm ag an díolúine chéanna is infheidhme maidir le Comhinfheistíochtaí in Urrúis Inaistrithe nó Cistí Infheistíochta Malartacha (féach Ceist Choitianta 11). Maidir le Iontaobhais Infheistíochta Eastáit Réadaigh liostaithe, a mhéid a chomhlíonann siad coinníollacha Airteagal 4(1)(a) de Threoir 2011/61/AE ([72]) chun cáiliú mar Chistí Infheistíochta Malartacha, tá feidhm ag an díolúine chéanna is infheidhme maidir le Cistí Infheistíochta Malartacha (féach Ceist Choitianta 11).

14) **An gceanglaítear ar chistí pinsin faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Má ionchorpraítear ciste pinsin mar chineál gnóthais a liostaítear in Iarscríbhinn I nó II a ghabhann leis an Treoir Chuntasaíochta ([73]) agus má thagann sé faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, beidh air ráiteas inbhuanaitheachta a bheith mar chuid dá thuarascáil bhainistíochta. Murab ionann agus Comhinfheistíochtaí in Urrúis Inaistrithe nó Cistí Infheistíochta Malartacha , ní chumhdaítear cistí pinsin leis an eisiamh ó na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach in Airteagal 1(4) den Treoir Chuntasaíochta.

15) **An ráiteas inbhuanaitheachta a fhoilsíonn eisitheoir urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas sa tuarascáil bhainistíochta, an meastar gur 'faisnéis rialáilte' de réir Airteagal 2(1), pointe (k), den Treoir um Thrédhearcacht é?**

Meastar. In Airteagal 2(1), pointe (k), den Treoir um Thrédhearcacht, sainmhínítear faisnéis rialáilte mar, *inter alia*, '*an fhaisnéis uile a gceanglaítear ar an eisitheoir, nó ar aon duine eile a rinne iarratas ar urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte gan toiliú an eisitheora, a nochtadh faoin Treoir seo* [i.e. an Treoir um Thrédhearcacht] [...]'. Le hAirteagal 4(5) den Treoir um Thrédhearcacht, ceanglaítear ar eisitheoirí ráiteas inbhuanaitheachta a nochtadh, a mheasfar, dá bhrí sin, a bheith ina 'fhaisnéis rialáilte'.

16) **Cé na cuideachtaí a fhéadfaidh roghnú gan an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú le haghaidh blianta airgeadais a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2028 de bhun Airteagal 19a(7) den Treoir Chuntasaíochta?**

Bunaithe ar Airteagal 19a(7) den Treoir Chuntasaíochta, féadfaidh FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas cinneadh a dhéanamh gan faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta le haghaidh blianta airgeadais a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2028 (e.g. le haghaidh na mblianta airgeadais 2026 agus 2027). I gcásanna den sórt sin, luafaidh FBM go hachomair mar sin féin ina thuarascáil bhainistíochta an fáth nár soláthraíodh an tuairisciú inbhuanaitheachta.

Tá feidhm ag an rogha sin gan an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le hinstitiúidí beaga neamhchasta freisin, agus maidir le gnóthais árachais agus athárachais faoi chuing, ar choinníoll gur FBManna iad (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas.

RIALACHA MAIDIR LE DÍOLÚINTÍ

17) **Má thuairiscíonn máthairghnóthas faisnéis inbhuanaitheachta ar an leibhéal comhdhlúite faoi Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta (ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite), an gá dó faisnéis maidir le heochairtháscairí feidhmíochta a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 19(1), an tríú fomhír den Treoir Chuntasaíochta ina thuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite?**

([72]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

([73]) Airteagal 1(1) den Treoir Chuntasaíochta.

Ní gá. Ceanglaítear le hAirteagal 19(1), an tríú fomhír den Treoir Chuntasaíochta ([74]), lena rialaítear an tuarascáil bhainistíochta aonair, go nochtfar faisnéis maidir le heochairtháscairí feidhmíochta sa tuarascáil bhainistíochta aonair. Ceanglaítear le hAirteagal 29(1) den Treoir Chuntasaíochta ([75]), lena rialaítear an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite, go leagtar amach sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite, ar a laghad, an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagail 19 agus 20 den Treoir Chuntasaíochta. Ós rud é go ndíolmhaítear gnóthais le hAirteagal 29a(7) den Treoir Chuntasaíochta ([76]) ó fhaisnéis faoi phríomhtháscairí feidhmíochta a nochtadh i gcomhthéacs a dtuarascála bainistíochta aonair (mar a cheanglaítear le hAirteagal 19(1), an tríú fomhír den Treoir Chuntasaíochta) i gcás inar chomhlíon siad Airteagal 29a(1) go (5), agus ós rud é go n-áireofar freisin in inneachar na tuarascála bainistíochta comhdhlúite de réir Airteagal 29(1) an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 19(1), bheadh feidhm ag an díolúine freisin maidir le tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an ghnóthais faoi Airteagal 29a.

18) **Má roghnaíonn FBM a bhfuil urrúis aige a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a ullmhú agus a fhoilsiú go deonach faoi Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta, an ndíolmhófar é óna ráiteas inbhuanaitheachta aonair a ullmhú agus a fhoilsiú faoi Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta?**

Díolmhófar. Maidir le FBM a bhfuil urrúis aige a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas agus a fhoilsíonn go deonach an ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite dá dtagraítear in Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta, díolmhófar é ón ráiteas inbhuanaitheachta aonair dá dtagraítear in Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta a ullmhú agus a fhoilsiú, ar choinníoll go n-ullmhaítear an ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite i gcomhréir le ESRSanna.

19) **Cad iad na coinníollacha chun foghnóthas a thagann faoi raon feidhme Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta a dhíolmhú ó fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta (ráiteas inbhuanaitheachta)?**

De réir Airteagail 19a(9) agus 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta, díolmhófar gnóthas ar foghnóthas é ó na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 19a(1) go (4) den Treoir Chuntasaíochta (nó Airteagal 29a(1) go (5) den Treoir Chuntasaíochta más máthairghnóthas idirmheánach grúpa mhóir é an foghnóthas féin) má chuimsítear an gnóthas sin agus a fhoghnóthais i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite máthairghnóthais a tharraingítear suas i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 29a den Treoir Chuntasaíochta (nó i dtuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite máthairghnóthais tríú tír a dhéantar i gcomhréir le ESRSanna nó ar bhealach atá coibhéiseach leis na ESRSanna sin).

Tá an díolúine sin faoi réir na gcoinníollacha uile a liostaítear in Airteagal 19a(9), an dara fomhír den Treoir Chuntasaíochta (nó in Airteagal 29a(8), an dara fomhír den Treoir Chuntasaíochta más máthairghnóthas idirmheánach grúpa mhóir é an foghnóthas féin). Ní mór na nithe seo a leanas, go sonrach, a bheith i dtuarascáil bhainistíochta an ghnóthais dhíolmhaithe: ainm agus oifig chláraithe an mháthairghnóthais a thuairiscíonn an fhaisnéis ar an leibhéal grúpa; nasc gréasáin/naisc ghréasáin chuig tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite nó tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite an mháthairghnóthais; agus an fhaisnéis go bhfuil an gnóthas díolmhaithe ón oibleagáid an ráiteas inbhuanaitheachta aonair a fhoilsiú (nó an ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite, más máthairghnóthas idirmheánach grúpa mhóir é an foghnóthas féin). Má tá an máthairghnóthas bunaithe i dtríú tír, ní mór a thuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite agus an tuairim dhearbhaithe a fhoilsiú i gcomhréir le dlí an

([74]) Airteagal 19(1), an tríú fomhír den Treoir Chuntasaíochta: '*A mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar fhorbairt, feidhmíocht nó seasamh an ghnóthais, áireofar san anailís príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais agus, i gcás inarb iomchuí, príomhtháscairí feidhmíochta neamhairgeadais is ábhartha don ghnó áirithe, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le cúrsaí comhshaoil agus fostaithe. Agus an anailís á soláthar, cuimseofar sa tuarascáil bhainistíochta, i gcás inarb iomchuí, tagairtí do na méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais bhliantúla agus mínithe breise orthu.*'

([75]) Airteagal 29(1) den Treoir Chuntasaíochta: '*Sa bhreis ar aon fhaisnéis eile a cheanglaítear faoi fhorálacha eile den Treoir seo, leagfar amach sa tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite, ar a laghad, an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagail 19 agus 20, agus aird á tabhairt ar na coigeartuithe bunriachtanacha a thiocfaidh as saintréithe áirithe tuarascála bainistíochta comhdhlúite i gcomparáid le tuarascáil bhainistíochta ar bhealach a éascaíonn an measúnú ar sheasamh na ngnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú ina iomláine.*'

([76]) Airteagal 29a(7) den Treoir Chuntasaíochta: '*Máthairghnóthas a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo, measfar gur chomhlíon sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 19(1), an tríú fomhír agus Airteagal 19a*'.

Bhallstáit lena rialaítear an foghnóthas, agus ní mór na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht (lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí a dhéanann an foghnóthas) a bheith ina gcuid de thuarascáil bhainistíochta an fhoghnóthais nó den tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite a dhéanann an máthairghnóthas tríú tír.

Má cheanglaíonn Ballstát go soláthrófar aistriúchán ar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite nó ar thuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite an mháthairghnóthais, ba cheart an t-aistriúchán sin a bheith deimhnithe (e.g. ag an aistritheoir nó ag an údarás atá i gceannas ar aistriúcháin an Bhallstáit ábhartha a dheimhniú), nó ba cheart ráiteas a chur leis lena sonraítear nár deimhníodh é.

Faoi Airteagail 19a(10) agus 29a(9) den Treoir Chuntasaíochta, ní féidir le gnóthais mhóra a bhfuil urrúis acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas – lena n-áirítear i gcás inar institiúidí beaga neamhchasta iad, gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing agus lena n-áirítear i gcás inar gnóthais tríú tír iad – leas a bhaint as an díolúine sin.

20) **An gá tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite/tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite an mháthairghnóthais a bheith foilsithe cheana féin nuair a fhoilsíonn a fhoghnóthas a thuarascáil bhainistíochta féin chun go mbeadh an foghnóthas díolmhaithe óna ráiteas inbhuanaitheachta féin a fhoilsiú?**

Ní gá. Chun go mbeadh an foghnóthas díolmhaithe óna ráiteas inbhuanaitheachta féin a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagail 19a(9) nó 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta, ní mór nasc gréasáin chuig tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite nó tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite an mháthairghnóthais a bheith sa tuarascáil bhainistíochta a fhoilsíonn an foghnóthas ([77]). I gcás nach bhfuil an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite sin nó an tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite sin ar fáil go fóill tráth a fhoilsítear tuarascáil bhainistíochta an fhoghnóthais, féadfaidh an foghnóthas a éilíonn an díolúine tagairt a dhéanamh ina thuarascáil bhainistíochta do nasc gréasáin ginearálta ag a mbeidh na doiciméid ábhartha ar fáil amach anseo. D'fhéadfadh an foghnóthas san Aontas breithniú a dhéanamh, mar shampla, ar dhearbhú a fháil ón máthairghnóthas go ráthaíonn sé na gealltanais arna ndéanamh ag an bhfoghnóthas agus an dearbhú sin a fhoilsiú in éineacht lena tuarascáil bhainistíochta laistigh den sprioc-am a leagann a Bhallstát féin síos.

21) **An gá tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite nó tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite an mháthairghnóthais a bheith ar fáil i dteanga lena nglacann an Ballstát a rialaítear an foghnóthas lena dhlí náisiúnta chun go mbeadh an foghnóthas díolmhaithe óna ráiteas inbhuanaitheachta féin a fhoilsiú?**

Féadfaidh an Ballstát a rialaítear an foghnóthas lena dhlí náisiúnta a cheangal go bhfoilseofar an tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite (nó, i gcás inarb infheidhme, tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite an mháthairghnóthais) i dteanga a nglacann an Ballstát sin léi, agus go soláthrófar aon aistriúchán is gá isteach sa teanga sin. Sa chás sin, ní mór na ceanglais sin a chomhlíonadh chun go mbeadh an foghnóthas díolmhaithe óna ráiteas inbhuanaitheachta féin a fhoilsiú ([78]).

22) **Conas is ceart don fhoghnóthas díolmhaithe a thuairisciú go bhfuil sé díolmhaithe?**

([77]) Airteagal 19a(9), an dara fomhír, pointe (a), pointe (ii) agus Airteagal 29a(8), an dara fomhír, pointe (a), pointe (ii), an Treoir Chuntasaíochta: *'na naisc ghréasáin chuig tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite an mháthairghnóthais nó, i gcás inarb infheidhme, chuig tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite an mháthairghnóthais, dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, agus chuig an tuairim dhearbhaithe dá dtagraítear in Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) den Treoir seo nó chuig an tuairim dhearbhaithe dá dtagraítear i bpointe (b) den fhomhír seo'*.

([78]) Airteagal 19a(9), an tríú fomhír agus Airteagal 29a(8), an tríú fomhír den Treoir Chuntasaíochta.

Bunaithe ar Airteagail 19a(9) agus 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta, ní mór don fhoghnóthas díolmhaithe an fhaisnéis a chur ina thuarascáil bhainistíochta go bhfuil sé díolmhaithe ón oibleagáid ráiteas inbhuanaitheachta aonair a fhoilsiú (nó ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a fhoilsiú, más máthairghnóthas idirmheánach grúpa mhóir é an foghnóthas féin) ([79]).

23) **Ar cheart tuarascáil bhainistíochta an fhoghnóthais dhíolmhaithe a bheith i bhformáid foilseacháin shonrach?**

I gcás ina mbaineann foghnóthas leas as an díolúine in Airteagal 19a(9) nó in Airteagal 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta, beidh feidhm ag na rialacha ginearálta maidir le foilsiú na tuarascála bainistíochta, lena n-áirítear an oibleagáid an tuarascáil bhainistíochta a chur faoi bhráid an Chláir Gnó náisiúnta de bhun Airteagal 30 den Treoir Chuntasaíochta i gcomhar leis na forálacha i gCaibidil III de Theideal I den Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí. Níl feidhm ag na ceanglais dhigiteacha le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta a leagtar amach in Airteagal 29d den Treoir Chuntasaíochta. I gcás ina bhfuil urrúis inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas ag foghnóthas a bhaineann leas as an díolúine in Airteagal 19a(9) nó in Airteagal 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta, beidh air na ceanglais ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 4 den Treoir um Thrédhearcacht a chomhlíonadh freisin maidir le foilsiú na tuarascála bainistíochta laistigh den tuarascáil airgeadais bhliantúil (i.e. úsáid a bhaint as an bhFormáid Leictreonach Aonair Eorpach a bunaíodh leis an Rialachán Tarmligthe maidir leis an bhformáid leictreonach aonair Eorpach agus foilsiú na tuarascála airgeadais bliantúla laistigh de 4 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais).

24) **An féidir le gnóthais mhóra a ligtear isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte san Aontas leas a bhaint as na díolúintí faoi Airteagail 19a(9) agus 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta?**

Ní féidir. Faoi Airteagail 19a(10) agus 29a(9) den Treoir Chuntasaíochta, maidir le gnóthais mhóra a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas – lena n-áirítear i gcás inar institiúidí beaga neamhchasta, gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing iad agus lena n-áirítear i gcás inar gnóthais tríú tír iad – ní féidir iad a dhíolmhú ó fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú. Dá bhrí sin, beidh orthu faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú de bhun Airteagal 4(5) den Treoir um Thrédhearcacht agus de bhun Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta.

25) **Conas is féidir le gnóthas an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le ráiteas inbhuanaitheachta aonair nó comhdhlúite a ullmhú agus a fhoilsiú nuair nach gceanglaítear air tuarascáil bhainistíochta aonair nó chomhdhlúite a ullmhú agus a fhoilsiú?**

Maidir le gnóthas nach mór dó faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú agus nach gceanglaítear air tuarascáil bhainistíochta aonair nó chomhdhlúite a ullmhú agus a fhoilsiú, féadfaidh sé an ráiteas inbhuanaitheachta aonair nó comhdhlúite a fhoilsiú i ndoiciméad ar leithligh. Tá feidhm ag an bprionsabal sin freisin maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite máthairghnóthais tríú tír chun go ndíolmhófaí a fhoghnóthais faoi Airteagail 19a(9) agus 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta.

Ní mór an doiciméad ar leithligh sin – ina gcuimsítear an ráiteas inbhuanaitheachta aonair nó comhdhlúite – a bheith i gcomhréir leis an bhformáid agus leis na ceanglais mharcála a leagtar amach in Airteagal 29d den Treoir Chuntasaíochta áfach ([80]).

26) **Conas is féidir le gnóthas an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a ullmhú agus a fhoilsiú nuair atá sé díolmhaithe ó ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú?**

([79]) Airteagal 19a(9), an dara fomhír, pointe (a), pointe (ii) agus Airteagal 29a(8), an dara fomhír, pointe (a), pointe (ii), an Treoir Chuntasaíochta: *'an fhaisnéis go bhfuil an gnóthas díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo'*.

([80]) Airteagal 29d den Treoir Chuntasaíochta: *'1. Ullmhóidh gnóthais atá faoi réir cheanglais Airteagal 19a den Treoir seo a dtuarascáil bhainistíochta san fhormáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 (26) ón gCoimisiún agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an bhformáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear sa Rialachán Tarmligthe sin. 2. Ullmhóidh máthairghnóthais atá faoi réir cheanglais Airteagal 29a a dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite san fhormáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 agus déanfaidh siad a dtuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcomhréir leis an bhformáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear sa Rialachán Tarmligthe sin.'*

Maidir le gnóthas nach mór dó ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a ullmhú agus a fhoilsiú ach nach gceanglaítear air na ráitis airgeadais chomhdhlúite chomhfhreagracha a ullmhú agus a fhoilsiú, beidh air an fhaisnéis airgeadais is gá a chur sa ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite chun tionchair an ghnóthais ar chúrsaí inbhuanaitheachta a thuiscint agus chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann cúrsaí inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, d'fheidhmíocht agus do sheasamh an ghnóthais ([81]).

ESRS

27) **Cén tacar de Chaighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS) a úsáidfidh gnóthais chun an fhaisnéis inbhuanaitheachta a ullmhú faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Úsáidfidh gach gnóthas a thagann faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, mar réamhshocrú, ESRSanna arna nglacadh faoi Airteagal 29b den Treoir Chuntasaíochta (ESRS). Ghlac an Coimisiún Eorpach an chéad tacar de Chaighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023.

Chun an ráiteas inbhuanaitheachta aonair a ullmhú faoi Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta, féadfaidh FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas, chomh maith le hinstitiúidí beaga neamhchasta, gnóthais árachais faoi chuing agus gnóthais athárachais faoi chuing, úsáid a bhaint, de rogha air sin, as ESRSanna comhréireacha a ghlacfar de bhun Airteagal 29c den Treoir Chuntasaíochta (ESRSanna FBManna liostaithe). Féach freisin Ceist Choitianta 28.

28) **Cé na gnóthais a fhéadfaidh ESRSanna FBManna liostaithe a úsáid chun a ráiteas inbhuanaitheachta aonair a ullmhú mar mhalairt ar ESRSanna arna nglacadh faoi Airteagal 29b den Treoir Chuntasaíochta?**

Is iad seo a leanas na gnóthais a fhéadfaidh ESRSanna FBManna liostaithe a úsáid chun a ráiteas inbhuanaitheachta aonair a ullmhú:

— FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas;

— institiúidí beaga neamhchasta ([82]), ar choinníoll gur ceann díobh seo a leanas iad: (i) gnóthais mhóra; nó (ii) FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas;

([81]) Tá an réasúnaíocht sin bunaithe ar Airteagal 19a(3), an tríú fomhír agus ar Airteagal 29a(3), an tríú fomhír den Treoir Chuntasaíochta: *'I gcás inarb infheidhme, áireofar freisin san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 tagairtí don fhaisnéis eile a chuirtear sa tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 19 agus do na méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais bhliantúla agus mínithe breise ar an bhfaisnéis sin agus ar na méideanna sin.'*. Tá sé i gceist go mbeadh '*[i] gcás inarb infheidhme*' ina thagairt do na cásanna nach bhfuil ráitis airgeadais á n-ullmhú agus á bhfoilsiú ag an ngnóthas.

([82]) Tugtar sainmhíniú orthu sin in Airteagal 4(1), pointe (145) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar 'institiúid a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas: (a) nach institiúid mhór í; (b) tá luach iomlán a sócmhainní ar bhonn aonair nó, más infheidhme, ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Treoir 2013/36/AE, ar an meán, cothrom le tairseach EUR 5 bhilliún thar an tréimhse ceithre bliana atá díreach roimh an tréimhse bhliantúil reatha tuairiscithe nó níos lú ná an tairseach sin; Is ceadmhach do Bhallstáit an tairseach sin a ísliú; (c) níl sí faoi réir aon oibleagáidí, nó tá sí faoi réir oibleagáidí simplithe, i ndáil leis an bpleanáil téarnaimh agus réitigh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2014/59/AE; (d)rangaítear a gnó leabhar trádála mar ghnó beag de réir bhrí Airteagal 94(1); (e) ní mó luach iomlán a suíomhanna díorthacha arna sealbhú le hintinn iad a thrádáil ná 2 % d'iomlán á sócmhainní laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe agus ní mó luach iomlán a suíomhanna díorthach ná 5 %, i gcás ina ríomhfar an dá luach sin i gcomhréir le hAirteagal 273a(3); (f) baineann corradh le 75 % de shócmhainní iomlána agus comhdhlúite na hinstitiúide agus de dhliteanais iomlána chomhdhlúite na hinstitiúide, cé is moite de na risíochtaí laistigh de ghrúpa sa dá chás, baineann siad le gníomhaíochtaí le contrapháirtithe atá lonnaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch; (g) ní úsáideann an institiúid samhlacha inmheánacha chun freastal ar na ceanglais stuamachta i gcomhréir leis an Rialachán seo cé is moite d'fhochuideachtaí a bhaineann úsáid as samhlacha inmheánacha a forbraíodh ar leibhéal an ghrúpa, ar choinníoll go bhfuil an grúpa faoi réir na gceanglas maidir le nochtadh a leagtar síos in Airteagal 433a nó in Airteagal 433c ar leibhéal comhdhlúite; (h) níor cuireadh agóid in iúl don údarás inniúil ag an institiúid i gcoinne a rangaithe mar institiúid bheag neamhchasta; (i) ní dhearna an t-údarás inniúil cinneadh nach measfar an institiúid a bheith mar institiúid bheag neamhchasta ar bhonn anailís ar a méid, a hidirnascacht, a castacht nó ar a próifíl priacail'. Féadfaidh na hinstitiúidí sin teacht faoin sainmhíniú ar ghnóthais mhóra má chomhlíonann siad na tairseacha faoi Airteagal 3(7) den Treoir Chuntasaíochta.

— gnóthais árachais faoi chuing ([83]) ar choinníoll gur ceann díobh seo a leanas iad: (i) gnóthais mhóra; nó (ii) FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas; agus

— gnóthais athárachais faoi chuing ([84]) ar choinníoll gur ceann díobh seo a leanas iad: (i) gnóthais mhóra; nó (ii) FBManna (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas.

SLABHRA LUACHA

29) **Le ESRSanna, ceanglaítear ar ghnóthais meastacháin a úsáid mura féidir leo an fhaisnéis uile is gá faoin slabhra luacha a fháil tar éis iarrachtaí réasúnta a dhéanamh chun an fhaisnéis sin a fháil (ESRS 1, Ceanglais ghinearálta, mír 69). Cad is 'iarracht réasúnta' ann?**

Úsáidtear an coincheap 'iarracht réasúnta' chun an cás ina dtuairisceoidh gnóthas meastachán ar fhaisnéis slabhra luacha a chinneadh, in ionad tuairisciú a dhéanamh ar fhaisnéis arna bailíodh ó ghníomhaithe ina shlabhra luacha.

Leagtar amach i mír 65 de ESRS 1 (Ceanglais ghinearálta) an cuspóir atá le faisnéis slabhra luacha a bheith sa ráiteas inbhuanaitheachta. Luaitear ann go '[n-]*áireoidh an gnóthas faisnéis slabhra luacha ábhartha i gcás inar gá sin chun:: (a) ligean d'úsáideoirí na ráiteas inbhuanaitheachta tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha an ghnóthais a thuiscint; agus/nó (b) tacar faisnéise a chur le chéile a chomhlíonann saintréithe cáilíochtúla na faisnéise (féach Foscríbhinn B den Chaighdeán seo)*'.

Luaitear an méid seo a leanas in ESRS 1, mír 68 (Ceanglais ghinearálta): *'Féadfaidh cumas an ghnóthais an fhaisnéis is gá faoin slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach a fháil a bheith éagsúil ag brath ar thosca éagsúla, amhail socruithe conarthacha an ghnóthais, an leibhéal rialaithe atá aige ar na hoibríochtaí lasmuigh den raon feidhme comhdhlúthaithe agus a chumhacht cheannaigh.. I gcás nach bhfuil sé de chumas ag an ngnóthas gníomhaíochtaí a shlabhra luacha réamhtheachtaigh agus/nó iartheachtaigh agus a ghaolmhaireachtaí gnó a rialú, d'fhéadfadh sé a bheith níos dúshlánaí faisnéis slabhra luacha a fháil.'*

Luaitear an méid seo a leanas in ESRS 1, mír 69 (Ceanglais ghinearálta): *'Is ann d'imthosca a fhágann nach féidir leis an ngnóthas an fhaisnéis a bhailiú maidir lena shlabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach mar a cheanglaítear le mír 63 tar éis iarrachtaí réasúnta déanamh amhlaidh. Sna himthosca sin, tabharfaidh an gnóthas meastachán ar an bhfaisnéis a bheidh le tuairisciú maidir lena shlabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach, trí gach faisnéis réasúnta agus gach faisnéis ar féidir tacú léi a úsáid, amhail meánsonraí earnála agus ionadaithe eile.'*

Aithnítear in ESRS 1, mír 70 (Ceanglais ghinearálta) go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach faisnéis slabhra luacha a fháil nuair is FBM nó gnóthas eile nach bhfuil faoi réir cheanglais tuairiscithe na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach é an gníomhaí ábhartha sa slabhra luacha.

Déantar idirdhealú in ESRS 1, mír 71 (Ceanglais ghinearálta) idir tuairisciú ar bheartais, gníomhaíochtaí agus spriocanna, agus tuairisciú ar mhéadracht. Maidir le beartais, gníomhaíochtaí agus spriocanna, luaitear ann go dtuairisceoidh an gnóthas faisnéis slabhra luacha '*a mhéid a bhaineann na beartais, gníomhaíochtaí agus spriocanna sin le gníomhaithe sa slabhra luacha*'. I dtaca le méadracht, luaitear a leanas ann: '*i roinnt mhaith cásanna, go háirithe le haghaidh ábhair chomhshaoil dá bhfuil ionadaithe ar fáil, d'fhéadfadh an gnóthas a bheith in ann na ceanglais maidir le tuairisciú a chomhlíonadh gan sonraí a bhailiú ó na gníomhaithe ina shlabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach, go háirithe ó FBManna, mar shampla, le linn dó astaíochtaí Scóip 3 GCT de chuid an ghnóthais a ríomh*'.

Soiléirítear an méid seo a leanas i mír 72: *'Ní bheidh faisnéis nach gcomhlíonann saintréithe cáilíochtúla na faisnéise (féach caibidil 2 agus roinn 7.2 Foinsí neamhchinnteachta meastacháin agus neamhchinnteachta torthaí an Chaighdeáin seo) mar thoradh ar mheastacháin a chur san áireamh a dhéantar trí úsáid a bhaint as meánsonraí earnála nó ionadaithe eile.'*

([83]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (2) de Threoir 2009/138/CE.
([84]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (5) de Threoir 2009/138/CE.

Ba cheart don ghnóthas iarracht réasúnta dá dtagraítear in ESRS 1, mír 69 (Ceanglais ghinearálta) a chinneadh agus a fhíorais agus a imthosca sonracha á gcur san áireamh, chomh maith le coinníollacha na timpeallachta seachtraí ina n-oibríonn sé. Dá bhrí sin, is dócha go n-nach ionann an rud is iarracht réasúnta ann ó ghnóthas go gnóthas.

Meastar go rachaidh gnóthais ar iontaoibh meastachán a úsáid níos minice sna chéad bhlianta de chur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe agus nach mbeidh úsáid meastachán chomh coitianta céanna de réir mar a thiocfaidh feabhas ar chumas na ngnóthas agus na ngníomhaithe ina slabhraí luacha faisnéis inbhuanaitheachta a chomhroinnt le himeacht ama.

I ngach cás ba cheart don ghnóthas breithniú a dhéanamh an dócha go ndéanfaidh úsáid meastachán difear do cháilíocht na faisnéise a thuairiscítear. D'fhéadfadh úsáid meastachán, in imthosca áirithe, feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise a thuairiscítear, mar shampla i gcás ina gcuidíonn sí lena áirithiú go bhfuil faisnéis faoi na tionchair, rioscaí agus deiseanna neodrach, nó i gcás nach den iontaofacht iomchuí í an fhaisnéis a bailíodh. Sna himthosca sin, chuirfeadh úsáid meastachán le léiriú níos dílse a dhéanamh ar na feiniméin a n-airbheartaíonn an fhaisnéis a bheith ina léiriú orthu agus dá bhrí sin is dóchúla go n-úsáidfidh an gnóthas tuairiscithe meastacháin. In imthosca eile, d'fhéadfadh úsáid meastachán cáilíocht na faisnéise tuairiscithe a laghdú, mar shampla i gcás ina mbeadh faisnéis nach mbeadh chomh cruinn agus/ná chomh hiomlán céanna mar thoradh uirthi agus, dá bhrí sin, nach mbeadh an léiriú ar na feiniméin a n-airbheartaíonn sí a bheith ina léiriú orthu chomh dílis céanna.

Agus fíorais agus imthosca sonracha an ghnóthais agus coinníollacha na timpeallachta seachtraí ina n-oibríonn sé á mbreithniú chun iarracht réasúnta a chinneadh, d'fhéadfadh na critéir seo a leanas a bheith ina dtreoir úsáideach. D'fhéadfadh aon cheann de na critéir seo a bheith leordhóthanach as féin chun a chinneadh go ndearnadh iarracht réasúnta, nó d'fhéadfaí na critéir a chur i bhfeidhm i dteannta a chéile.

— **Méid agus acmhainní an ghnóthais tuairiscithe i ndáil le scála agus castacht a shlabhra luacha.** An rud is iarracht réasúnta ann i gcás gnóthas mór a bhfuil acmhainní maithe aige, d'fhéadfaí a mheas nach iarracht réasúnta é i gcás gnóthais bheaga nach mbíonn an méid céanna acmhainní acu agus a bheadh ag gnóthas mór de ghnáth. Ba cheart méid agus acmhainní an ghnóthais a mheas freisin i ndáil le scála agus castacht a shlabhra luacha. Mar shampla, an rud is iarracht réasúnta ann i gcás gnóthas mór ag a bhfuil líon mór soláthróirí le haghaidh táirgí éagsúla iomadúla, agus/nó ag a bhfuil slabhraí soláthair ina bhfuil go leor leibhéal, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an méid sin míréasúnta i gcás gnóthas beag ag a bhfuil slabhra luacha atá chomh casta céanna.

— **Ullmhacht theicniúil an ghnóthais tuairiscithe chun faisnéis slabhra luacha a bhailiú.** Mar shampla, an rud is iarracht réasúnta ann i gcás gnóthas an-mhór a bhfuil taithí shubstaintiúil roimh ré aige ar fhaisnéis inbhuanaitheachta a bhailiú ó ghníomhaithe ina shlabhra luacha, d'fhéadfadh sé nach measfaí é a bheith réasúnta i gcás gnóthas beag nach bhfuil aon taithí den sórt sin aige. Meastar go dtiocfaidh feabhas ar ullmhacht theicniúil gnóthas chun faisnéis slabhra luacha a bhailiú le himeacht ama.

— **Infhaighteacht uirlisí chun rochtain a fháil ar fhaisnéis slabhra luacha agus chun í a chomhroinnt.** D'fhéadfadh tionchar a bheith ag infhaighteacht uirlisí éifeachtúla a úsáidtear go coitianta chun faisnéis slabhra luacha a chomhroinnt idir gnóthais, lena n-áirítear uirlisí digiteacha, ar an rud is iarracht réasúnta ann. Is dócha go mbeidh infhaighteacht na n-uirlisí sin teoranta sna chéad bhlianta de chur i bhfeidhm ESRSanna ach ba cheart go dtiocfadh feabhas uirthi le himeacht ama, lena n-áirítear mar thoradh ar chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dheonacha do FBManna atá á bhforbairt faoi láthair ag an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais(caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dheonacha). Ciallaíonn sé sin gur mó seans go rachaidh gnóthais ar iontaoibh meastacháin a úsáid sna chéad bhlianta de chur i bhfeidhm ESRSanna ná mar a dhéanfaidh siad i dtimthriallta tuairiscithe níos déanaí.

— **Méid agus acmhainní an ghníomhaí sa slabhra luacha.** D'fhéadfadh tionchar a bheith ag méid agus acmhainní an ghníomhaí sa slabhra luacha óna bhfuiltear ag súil le faisnéis ar an rud is iarracht réasúnta ann. An fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ina díol spéise don ghnóthas tuairiscithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na hacmhainní is gá ag FBManna go háirithe chun an fhaisnéis sin a sholáthar go héasca agus go tapa, rud a fhágann go mbeadh sé níos deacra don ghnóthas tuairiscithe an fhaisnéis is gá faoin slabhra luacha a bhailiú ó FBManna. I gcás inar FBM é an gníomhaí sa slabhra luacha, is mó seans, dá bhrí sin, go rachaidh an gnóthas tuairiscithe ar iontaoibh meastacháin a úsáid. Go ginearálta, níor cheart ionchais a bheith ann i leith an ghníomhaí sa slabhra luacha iarracht mhíréasúnta a dhéanamh mar thoradh ar iarracht réasúnta a bheith á déanamh ag an ngnóthas tuairiscithe.

— **Ullmhacht theicniúil an ghníomhaí sa slabhra luacha.** Ullmhacht theicniúil an ghníomhaí sa slabhra luacha chun faisnéis inbhuanaitheachta a sholáthar, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an ullmhacht sin ar an rud is iarracht réasúnta ann. Ba cheart go dtiocfadh feabhas ar ullmhacht theicniúil na ngníomhaithe sa slabhra luacha le himeacht ama, rud a thugann le tuiscint gur mó an seans go rachaidh gnóthais ar iontaoibh meastacháin a úsáid sna chéad bhlianta de chur i bhfeidhm ESRSanna ná mar a bheidh ann i dtimthriallta tuairiscithe níos déanaí.

— **Leibhéal tionchair agus cumhacht cheannaigh.** An leibhéal rialaithe atá ag an ngnóthas tuairiscithe cheana ar an ngníomhaí sa slabhra luacha agus cumhacht cheannaigh choibhneasta an ghnóthais tuairiscithe i gcomparáid le gnóthais eile, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag na rudaí sin ar an rud is iarracht réasúnta ann. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh níos lú iarrachta ag teastáil chun faisnéis a fháil ó ghníomhaí sa slabhra luacha atá faoi pháirtúinéireacht an ghnóthais tuairiscithe nó a ghineann cion ard dá láimhdeachas féin trí dhíolacháin leis an ngnóthas tuairiscithe. Ciallaíonn sé sin gur mó seans go rachaidh gnóthais ar iontaoibh meastacháin a úsáid i gcás gníomhaithe sa slabhra luacha nach bhfuil faoi pháirtúinéireacht acu nó nach bhfuil iontu ach cion beag den láimhdeachas ina leith.

— **Nasctha leis an leibhéal tionchair, 'gaireacht' an ghníomhaí sa slabhra luacha.** D'fhéadfadh 'gaireacht' an ghníomhaí sa slabhra luacha don ghnóthas tuairiscithe a bheith ina breithniú agus cinneadh á dhéanamh faoin rud is iarracht réasúnta ann, ós rud é go mbíonn níos lú iarrachta ag teastáil de ghnáth chun faisnéis a fháil ó sholáthróir leibhéal 1 nó ó chustaiméir díreach ná mar a theastaíonn chun faisnéis a fháil ó ghníomhaithe eile sa slabhra luacha. Ciallaíonn sé sin gur mó seans go rachaidh gnóthais ar iontaoibh meastacháin a úsáid i gcás gníomhaithe sa slabhra luacha nach soláthróirí leibhéal 1 ná custaiméirí díreacha iad.

30) **Cad ba cheart do FBM a bheith ag súil lena fháil i dtéarmaí iarrataí ar fhaisnéis inbhuanaitheachta mar thoradh ar an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach agus ESRSanna?**

Le ESRS 1, míreanna 132 agus 133 (Ceanglais ghinearálta) leagtar amach forálacha idirthréimhseacha lena gcuirtear teorainn leis an bhfaisnéis slabhra luacha nach mór do ghnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach a thuairisciú agus/nó a bhailiú ó ghníomhaithe ina slabhra luacha le linn na chéad 3 bliana ([85]). Le linn na chéad 3 bliana den chur chun feidhme, beidh tionchar mór ag an úsáid a bhaineann gnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach as na forálacha idirthréimhseacha sin maidir le tuairisciú slabhra luacha ar a mhéid a iarrann gnóthais ar FBManna faisnéis inbhuanaitheachta a sholáthar mar thoradh ar an Treoir agus ESRSanna. .

D'ainneoin na bhforálacha idirthréimhseacha dá dtagraítear thuas, ba cheart do FBManna a bheith ag súil go ndéanfaidh gnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach 'iarracht réasúnta' chun an fhaisnéis a bhailiú ó ghníomhaithe ina slabhraí luacha a theastaíonn uathu chun ESRSanna a chomhlíonadh.. I gcomhréir leis an bhfreagra ar an gceist roimhe seo, tá méid agus acmhainní, ullmhacht theicniúil agus gaireacht an ghníomhaí sa slabhra luacha i measc na gcritéar is féidir a úsáid chun an rud is 'iarracht réasúnta' ann a shuí. Dá bhrí sin, maidir le FBManna beaga nár thuairiscigh faisnéis inbhuanaitheachta go deonach riamh, nach bhfuil baint acu le tionchair dhiúltacha thromchúiseacha agus nach soláthraithe ná custaiméirí leibhéal 1 iad de ghnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, ba cheart nach mbeidís chomh neamhchosanta céanna ar ionchais i dtaobh faisnéis inbhuanaitheachta a bheith acu agus í a chomhroinnt, le linn na chéad bhlianta de chur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe ar a laghad. I gcás FBManna móra a thuairiscigh faisnéis inbhuanaitheachta roimhe seo (toisc go gcuireann siad an scéim um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil nó scéimeanna deimhniúcháin nó tuairiscithe comhshaoil nó inbhuanaitheachta eile i bhfeidhm, mar shampla) agus FBManna ar soláthróirí nó custaiméirí leibhéal 1 iad de ghnóthais a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, d'fhéadfadh ionchais níos airde a bheith ann maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a bheith acu agus í a chomhroinnt.

([85]) Mír 132: *'Do na chéad 3 bliana de thuairisciú inbhuanaitheachta an ghnóthais faoi ESRS, i gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir lena shlabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach ar fáil, míneoidh an gnóthas na hiarrachtaí a rinneadh chun an fhaisnéis is gá a fháil faoina shlabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach, na cúiseanna nach bhféadfaí an fhaisnéis uile is gá a fháil, agus a phleananna chun an fhaisnéis is gá a fháil amach anseo.'* Mír 133: *'Do na chéad trí bliana dá thuairisciú inbhuanaitheachta faoi ESRS, chun aird a thabhairt ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gnóthais agus faisnéis á bailiú acu ó ghníomhaithe ar fud a slabhra luacha agus chun an t-ualach ar FBManna sa slabhra luacha a theorannú: (a) agus faisnéis maidir le beartais, gníomhaíochtaí agus spriocanna á nochtadh ag an ngnóthas i gcomhréir le ESRS2 agus ESRS eile, féadfaidh sé faisnéis faoin slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach a theorannú d'fhaisnéis atá ar fáil go hinmheánach, amhail sonraí atá ar fáil cheana féin don ghnóthas agus faisnéis atá ar fáil go poiblí; agus (b) agus méadracht á nochtadh ag an ngnóthas, ní cheanglaítear air faisnéis faoin slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach a áireamh, cé is moite de phointí sonraí a dhíorthaítear ó reachtaíocht eile de chuid an Aontais, mar a liostaítear in ESRS 2 Foscríbhinn B.'*

Tá dhá chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta do FBManna á bhforbairt ag an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais faoi láthair: ceann sainordaitheach do FBManna liostaithe (ESRSanna FBManna liostaithe) agus ceann deonach do FBManna neamhliostaithe. Bunófar le ESRSanna FBManna liostaithe an t-uasleibhéal faisnéise inbhuanaitheachta ar féidir le ESRS a cheangal ar ghnóthas a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach é a fháil ó FBManna ina shlabhra luacha. Ceapfar caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dheonacha do FBManna neamhliostaithe le bheith ina bpointe tagartha do na gníomhaithe uile sa mhargadh, chun a áirithiú go mbeidh iarracht tuairiscithe na ngnóthas a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach agus iad siúd nach dtagann comhréireach.

31) **Cathain a thiocfaidh deireadh le feidhm a bheith ag an idirthréimhse chun faisnéis a nochtadh sa slabhra luacha? Ar cheart an dáta tosaigh don idirthréimhse trí bliana a bheith difriúil do gach cineál gnóthais?**

Leagtar amach in ESRS 1, Caibidil 10.2 forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le Caibidil 5 maidir le slabhraí luacha. Tá feidhm ag an idirthréimhse chun faisnéis a éilítear ón slabhra luacha a nochtadh maidir leis na chéad 3 bliana airgeadais de chur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe, le haghaidh gach gnóthais. Mar shampla, má thagann gnóthas faoi raon feidhme Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta amhail ón mbliain airgeadais 2024 ar aghaidh, féadfaidh sé leas a bhaint as an idirthréimhse maidir le tuairisciú slabhra luacha le haghaidh na mblianta airgeadais 2024, 2025 agus 2026.

NOCHTAÍ FAOI AIRTEAGAL 8 DEN RIALACHÁN MAIDIR LE TACSANOMAÍOCHT

32) **An gá do ghnóthais nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur ina ráiteas inbhuanaitheachta?**

Is gá, ní mór do ghnóthais faoi raon feidhme Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur ina ráitis inbhuanaitheachta.

33) **Maidir le FBM a bhfuil urrúis inaistrithe aige a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas, má bhaineann sé leas as an rogha gan tuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh ar feadh 2 bhliain go dtí 2028, an gá dó nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur fós ina thuarascáil bhainistíochta?**

Ní gá. Tá feidhm ag Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht maidir le gach gnóthas a gceanglaítear air ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta. Má chinneann FBM (gan micreaghnóthais san áireamh) a bhfuil urrúis inaistrithe aige a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas gan an ráiteas inbhuanaitheachta a chur ina thuarascáil bhainistíochta faoi Airteagal 19a(7) den Treoir Chuntasaíochta áfach – mar ar ghá nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur san áireamh – ní cheanglaítear air nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a nochtadh.

34) **An gceanglaítear ar ghnóthais an fhaisnéis atá le nochtadh faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur ina dtuarascáil bhainistíochta fiú má tá siad díolmhaithe óna ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú agus a fhoilsiú faoi Airteagal 19a(9) agus 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta?**

Ceanglaítear, i gcás ina bhfuil an máthairghnóthas bunaithe i dtríú tír agus nach gcuimsítear nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht i dtuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite an mháthairghnóthais, agus sa chás sin amháin. I gcás ina mbaineann an gnóthas leas as an díolúine ón oibleagáid ráiteas inbhuanaitheachta a nochtadh faoi Airteagail 19a(9) nó 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta, má tá an máthairghnóthas bunaithe i dtríú tír, ní mór nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí a dhéanann an foghnóthas díolmhaithe atá bunaithe san Aontas agus a fhoghnóthais, a chur i dtuarascáil bhainistíochta an fhoghnóthais dhíolmhaithe, nó sa tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite a dhéanann an máthairghnóthas atá bunaithe i dtríú tír ([86]).

CEANGLAIS TEANGA

35) **Cén teanga inar cheart an ráiteas inbhuanaitheachta a dhréachtú agus a fhoilsiú?**

([86]) Airteagal 19a(9), an dara fomhír, pointe (c), den Treoir Chuntasaíochta.

Ba cheart do ghnóthais atá faoi réir Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta an tuarascáil bhainistíochta (lena n-áirítear an ráiteas inbhuanaitheachta) a fhoilsiú, mar aon leis an tuairim agus an ráiteas a chuireann an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 34 den Treoir Chuntasaíochta isteach, i gcomhréir le hAirteagal 30(1) den Treoir Chuntasaíochta, ina dtagraítear do na dlíthe a leagann gach Ballstát síos i gcomhréir le Teideal 1, Caibidil III den Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí. Go háirithe, soiléirítear an méid seo a leanas in Airteagal 21 den Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí: '*1. Déanfar na doiciméid agus na sonraí atá le nochtadh de bhun Airteagal 14 a tharraingt suas agus a chomhdú i gceann de na teangacha a cheadaítear leis na rialacha teanga is infheidhme sa Bhallstát ina n-osclaítear an comhad dá dtagraítear in Airteagal 16(1)*'. Dá bhrí sin, ní mór an teanga a úsáidfidh gnóthais chun an ráiteas inbhuanaitheachta a chuimsítear sa tuarascáil bhainistíochta a fhoilsiú a bheith ina teanga a shonraítear le dlíthe an Bhallstáit ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 den Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí.

Má tá urrúis liostaithe ar mhargadh rialáilte san Aontas ag gnóthas atá faoi réir Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, beidh air na hoibleagáidí maidir le nochtadh a leagtar amach sa Treoir um Thrédhearcacht maidir leis an tuarascáil bhainistíochta a chomhlíonadh freisin. Leagann gach Ballstát síos an córas teanga le haghaidh 'faisnéis rialáilte', lena n-áirítear an tuarascáil bhainistíochta mar chuid den tuarascáil airgeadais bhliantúil, i gcomhréir le hAirteagal 20 den Treoir um Thrédhearcacht.

DIGITIÚ (FORMÁID AGUS CLIBEÁIL DHIGITEACH)

36) **Cad iad na ceanglais maidir le formáid dhigiteach le haghaidh tuarascáil bhainistíochta ina bhfuil ráiteas inbhuanaitheachta?**

Le hAirteagal 29d den Treoir Chuntasaíochta, ceanglaítear ar ghnóthais nach mór dóibh tuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú (ar an leibhéal comhdhlúite, i gcás inarb infheidhme) san fhormáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe maidir leis an bhformáid leictreonach aonair Eorpach (i.e. XHTML) agus a ráiteas inbhuanaitheachta a mharcáil laistigh den tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir leis an tacsanomaíocht dhigiteach atá le sonrú trí bhíthin leasaithe ar an Rialachán Tarmligthe maidir leis an bhformáid leictreonach aonair Eorpach.

37) **An gceanglaítear ar ghnóthais nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a mharcáil freisin?**

Ceanglaítear. Le hAirteagal 29d den Treoir Chuntasaíochta ceanglaítear ar ghnóthais nach mór dóibh ráiteas inbhuanaitheachta a fhoilsiú ina dtuarascáil bhainistíochta a ráiteas inbhuanaitheachta a mharcáil, lena n-áirítear na nochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, i gcomhréir leis an tacsanomaíocht dhigiteach atá le sonrú trí bhíthin leasaithe ar an Rialachán Tarmligthe maidir leis an bhformáid leictreonach aonair Eorpach.

38) **Cad iad na ceanglais formáide nach mór do ghnóthais a chomhlíonadh go dtí go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach tacsanomaíocht dhigiteach le haghaidh mharcáil an ráitis inbhuanaitheachta?**

Le hAirteagal 29d den Treoir Chuntasaíochta, ceanglaítear ar ghnóthais nach mór dóibh ráiteas inbhuanaitheachta a fhoilsiú ina dtuarascáil bhainistíochta a dtuarascáil bhainistíochta a ullmhú san fhormáid tuairiscithe leictreonach a shonraítear in Airteagal 3 den Rialachán Tarmligthe maidir leis an bhformáid leictreonach aonair Eorpach (i.e. in XHTML) agus an ráiteas inbhuanaitheachta a mharcáil laistigh den tuarascáil bhainistíochta i gcomhréir leis an tacsanomaíocht dhigiteach shonrach a ghlacfar trí bhíthin leasaithe ar an Rialachán Tarmligthe maidir leis an bhformáid leictreonach aonair Eorpach. Go dtí go nglacfar an tacsanomaíocht dhigiteach sin, ní cheanglaítear ar ghnóthais a ráitis inbhuanaitheachta a mharcáil. Ós rud é nach mbeidh an ráiteas inbhuanaitheachta inléite ag meaisín go dtí go mbeidh sé ina chuid de dhoiciméad XHTML agus marcáilte le tacsanomaíocht dhigiteach araon, go dtí go nglacfar an tacsanomaíocht dhigiteach, ní cheanglaítear ar ghnóthais an tuarascáil bhainistíochta a ullmhú in XHTML ach oiread.

FOILSIÚ

39) **Cad é an sprioc-am chun an tuarascáil bhainistíochta a fhoilsiú ina bhfuil an ráiteas inbhuanaitheachta?**

Leagtar amach in Airteagal 30 den Treoir Chuntasaíochta na rialacha maidir le foilsiú na tuarascála bainistíochta (a bhfuil an ráiteas inbhuanaitheachta arna ullmhú faoi Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta ina chuid di, i gcás inarb ábhartha), tuarascáil nach mór a fhoilsiú in éineacht leis an tuairim/tuarascáil dearbhaithe agus laistigh de 12 mhí ar a dhéanaí ó dháta chlár comhardaithe na bliana airgeadais dá dtarraingítear suas an tuarascáil, mar a fhorálann gach Ballstát dó.

Gnóthais ar eisitheoirí urrús iad a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas, ceanglaítear orthu freisin a dtuarascáil airgeadais bhliantúil a fhoilsiú (a bhfuil an tuarascáil bhainistíochta, agus an ráiteas inbhuanaitheachta dá réir sin ina gcuid di) 4 mhí ar a dhéanaí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, bunaithe ar Airteagal 4(5) den Treoir um Thrédhearcacht, lena ndéantar crostagairt d'Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta.

MAOIRSEACHT

40) **Cé na húdaráis atá i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir leis an ráiteas inbhuanaitheachta arna ullmhú i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Ní thugtar isteach leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach aon athrú ar chóras maoirseachta an Aontais a bhí ann cheana, lena gceanglaítear ar na Ballstáit pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a chur i bhfeidhm le haghaidh cásanna neamhchomhlíonta ag gnóthais faoi dhliteanas teoranta (Airteagal 51 den Treoir Chuntasaíochta), agus údarás maoirseachta náisiúnta a bhunú a mbeidh cumhachtaí aige maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht eisitheoirí urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas (Airteagail 28 agus airteagail ina dhiaidh sin den Treoir um Thrédhearcacht). Ciallaíonn sé sin go mbeidh comhlíonadh ceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta ag gnóthais faoi réir an chórais náisiúnta smachtbhannaí atá i bhfeidhm maidir le tuarascáil bhainistíochta gnóthas faoi dhliteanas teoranta (faoi réir na Treorach Cuntasaíochta) agus maidir le tuarascáil bhainistíochta eisitheoirí urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas (faoi réir na Treorach um Thrédhearcacht). Maidir le heisitheoirí urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas, ceanglaítear ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí treoirlínte a eisiúint freisin maidir leis an maoirseacht a dhéanann údaráis inniúla náisiúnta ar thuairisciú inbhuanaitheachta de bhun Airteagal 28d den Treoir um Thrédhearcacht.

In aon chás, ní mór an ráiteas inbhuanaitheachta atá le cuimsiú sa tuarascáil bhainistíochta a bheith faoi réir dearbhú ó iniúchóir reachtúil i gcónaí, nó ó Sholáthraí Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleách i gcás ina gceadaíonn Ballstát amhlaidh, faoi Airteagal 34 den Treoir Chuntasaíochta.

ROINN IV

CEISTEANNA COITIANTA MAIDIR LE FAISNÉIS INBHUANAITHEACHTA A THUAIRISCÍTEAR FAOI AIRTEAGAL 40A DEN TREOIR CHUNTASAÍOCHTA

RAON FEIDHME AGUS DÁTA CUR I BHFEIDHM

41) **An gá don mháthairghnóthas tríú tír deiridh foirm dhlíthiúil áirithe a bheith aige chun teacht faoi raon feidhme Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta?**

Ní gá. Ní bhaineann foirm dhlíthiúil an mháthairghnóthais tríú tír deiridh le hábhar chun críocha Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta.

42) **Cad iad na hoibleagáidí atá ar fhoghnóthas san Aontas nó ar bhrainse san Aontas faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta? An gceanglaítear ar fhoghnóthas/ar bhrainse san Aontas an tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú nó díreach an tuarascáil inbhuanaitheachta arna hullmhú ag a mháthairghnóthas a fhoilsiú agus a chur ar fáil?**

Má thagann gnóthas tríú tír faoi raon feidhme Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta, beidh ar a fhoghnóthas san Aontas nó ar a bhrainse san Aontas tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú agus a chur ar fáil thar ceann a mháthairghnóthais tríú tír. Ní ar an bhfoghnóthas ná ar an mbrainse san Aontas go sainráite atá an oibleagáid an tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh an máthairghnóthas tríú tír an tuarascáil a ullmhú, a ndéanfaidh an foghnóthas nó an brainse san Aontas í a fhoilsiú agus a chur ar fáil ina dhiaidh sin, trína comhdú i gclár gnó de chuid an Aontais nó trína foilsiú ar a shuíomh gréasáin. De rogha air sin, féadfaidh an foghnóthas nó an brainse san Aontas an tuarascáil a ullmhú, a fhoilsiú agus a chur ar fáil thar ceann a mháthairghnóthais tríú tír.

43) **An gá do gach foghnóthas san Aontas nó gach brainse san Aontas tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta? Nó an leor é má fhoilsíonn ceann amháin de na foghnóthais nó de na brainsí san Aontas an tuarascáil agus má dhéanann na cinn eile nasc chuig an tuarascáil inbhuanaitheachta sin a chur ar fáil?**

Ceanglaítear le hAirteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta go nochtfaidh foghnóthas nó brainse amháin i ngach Ballstát tuarascáil inbhuanaitheachta amháin ar a laghad (*'Ceanglóidh Ballstát ar fhoghnóthas atá bunaithe ina chríoch* [...]). Chun tuairisciú dúbailte ag foghnóthais agus brainsí an ghnóthais tríú tír chéanna a sheachaint, féadfaidh na Ballstáit a cheadú d'fhoghnóthas nó do bhrainse amháin atá bunaithe nó lonnaithe ina chríoch an oibleagáid in Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta a chomhlíonadh trí nasc a chur ar fáil chuig an tuarascáil inbhuanaitheachta arna foilsiú ag foghnóthas nó brainse eile den ghnóthas tríú tír atá lonnaithe san Aontas.

ESRS

44) **Cé na ESRSanna ba cheart a úsáid chun an tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta?**

Ní mór an tuarascáil inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta a ullmhú i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá le glacadh faoi Airteagal 40b den Treoir Chuntasaíochta.

De mhaolú air sin, ceadaítear le hAirteagal 40a(2), an dara fomhír den Treoir Chuntasaíochta an tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta arna nglacadh faoi Airteagal 29b den Treoir Chuntasaíochta (i.e. ESRSanna) nó ar bhealach atá coibhéiseach leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta arna nglacadh faoi Airteagal 29b den Treoir Chuntasaíochta, mar a chinntear le cinneadh ón gCoimisiún maidir le coibhéis. Ba cheart an fhoráil sin a léamh sa chiall go bhféadfaidh máthairghnóthas tríú tír a thagann faoi raon feidhme Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta rogha a dhéanamh ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a fhoilsiú faoi Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta (arna ullmhú i gcomhréir leis na caighdeáin arna nglacadh faoi Airteagal 29b), seachas dualgas a bheith ar a fhoghnóthas san Aontas nó ar a bhrainse san Aontas tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú ar an leibhéal ghrúpa faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta. Sa chás sin, bheadh feidhm ag na díolúintí le haghaidh foghnóthais san Aontas a leagtar amach in Airteagail 19a(9) agus 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta.

45) **Cad a tharlóidh mura n-éiríonn le foghnóthas/brainse san Aontas an fhaisnéis uile is gá a bhailiú chun an tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú?**

I gcás nach soláthraítear an fhaisnéis uile is gá, déanfaidh an foghnóthas nó an brainse an tuarascáil inbhuanaitheachta a tharraingt suas, a fhoilsiú agus a chur ar fáil, ina mbeidh an fhaisnéis uile atá ina sheilbh, atá gnóthaithe nó faighte aige, agus eiseoidh sé ráiteas lena léirítear nár chuir an gnóthas tríú tír an fhaisnéis is gá ar fáil (Airteagal 40a(2), an ceathrú fomhír den Treoir Chuntasaíochta).

NOCHTAÍ FAOI AIRTEAGAL 8 DEN RIALACHÁN MAIDIR LE TACSANOMAÍOCHT

46) **An gá do ghnóthais Nochtaí faoi Airt. 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur sa tuarascáil inbhuanaitheachta arna hullmhú faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta?**

Ní gá. Ní gá do ghnóthais a thuairiscíonn i gcomhréir le hAirteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur sa tuarascáil inbhuanaitheachta.

47) **Má roghnaíonn máthairghnóthas tríú tír atá faoi réir Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite arna ullmhú i gcomhréir le ESRSanna a ullmhú agus a fhoilsiú in ionad tuarascáil inbhuanaitheachta, an gceanglaítear ar an máthairghnóthas tríú tír sin nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a thuairisciú?**

Maidir le máthairghnóthas tríú tír atá faoi réir Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta agus a roghnaíonn ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite arna ullmhú i gcomhréir le ESRSanna a fhoilsiú in ionad tuarascáil inbhuanaitheachta, ní cheanglaítear air tuairisciú a dhéanamh faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Mar sin féin, chun go ndíolmhófaí foghnóthais den mháthairghnóthas tríú tír sin atá lonnaithe san Aontas óna gceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta (i gcás ina bhfuil na foghnóthais sin de chuid an Aontais faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta), ní mór nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí a dhéanann na foghnóthais sin de chuid an Aontais a chur ina dtuarascáil bhainistíochta féin nó sa tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite a dhéanann an máthairghnóthas tríú tír ([87]).

RIALACHA MAIDIR LE DÍOLÚINTÍ

48) **An féidir le foghnóthais san Aontas atá faoi réir Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta tairbhe a bhaint as an gcóras díolúine faoi Airteagal 19a(9) agus 29(8) den Treoir Chuntasaíochta?**

Tá inneachar difriúil sa ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhaítear i gcomhréir le hAirteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta agus sa tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhaítear i gcomhréir le hAirteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta agus oibríonn siad faoi chórais ar leithligh.

Dá bhrí sin, maidir le foghnóthas san Aontas a fhoilsíonn tuarascáil inbhuanaitheachta ar leibhéal grúpa a mháthairghnóthais tríú tír i gcomhréir le forálacha Airteagal 40a, ní dhíolmhaítear leis sin an foghnóthas féin san Aontas ná a fhoghnóthais féin ó oibleagáidí tuairiscithe Airteagail 19a agus/nó 29a a chomhlíonadh.

Mar sin féin, féadfaidh máthairghnóthas tríú tír a thagann faoi raon feidhme Airteagal 40a a roghnú ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a fhoilsiú faoi Airteagal 29a (a ullmhaítear i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta arna nglacadh faoi Airteagal 29b nó ar bhealach atá coibhéiseach leis na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin), seachas dualgas a bheith ar a fhoghnóthas san Aontas nó ar a bhrainse san Aontas tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú ar an leibhéal grúpa faoi Airteagal 40a. Sa chás sin, díolmhaítear an foghnóthas san Aontas ón tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú faoi Airteagal 40a, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 19a(9) agus 29a(8).

TEANGA AGUS FORMAID

49) **Cén teanga inar cheart an tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú?**

Leagann gach Ballstát síos an córas teanga don tuarascáil inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagal 21 den Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí.

50) **Cad iad na ceanglais formáide don tuarascáil inbhuanaitheachta atá le soláthar faoi Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta?**

Ní cheanglaítear leis an Treoir Chuntasaíochta formáid shonrach a úsáid chun an tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú. Mar sin féin, le hAirteagal 33a – a tugadh isteach le Treoir (AE) 2023/2864 maidir le feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (Treoir Omnibus maidir leis an bpointe rochtana aonair Eorpach) ([88]) – ceanglaítear ar fhoghnóthais agus ar bhrainsí atá faoi réir Airteagal 40a an tuarascáil inbhuanaitheachta a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin arna ainmniú ag an mBallstát i bhformáid ónar féidir sonraí a asbhaint, in éineacht leis na meiteashonraí ábhartha a ghabhann léi ([89]). Tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin bearta cur chun feidhme a ghlacadh chun tuilleadh meiteashonraí a shonrú a ghabhfaidh leis an tuarascáil inbhuanaitheachta agus chun formáid mheaisín-inléite a éileamh.

FOILSIÚ

51) **Cathain ba cheart do na gnóthais/brainsí an tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú?**

([87]) Airteagal 19a(9), an dara fomhír, pointe (c), agus Airteagal 29a(8), an dara fomhír, pointe (c) den Treoir Chuntasaíochta.

([88]) Rialachán (AE) 2023/2864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2023/2864, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2864/oj).

([89]) Airteagal 33a den Treoir Chuntasaíochta arna leasú leis an bpacáiste maidir leis an bpointe rochtana aonair Eorpach.

Le hAirteagal 40d(1) den Treoir Chuntasaíochta, ceanglaítear ar fhoghnóthais agus ar bhrainsí dá dtagraítear in Airteagal 40a(1) den Treoir Chuntasaíochta an tuarascáil inbhuanaitheachta a fhoilsiú – mar aon leis an tuairim dhearbhaithe agus, i gcás inarb infheidhme, an ráiteas a luaitear in Airteagal 40a(2, an ceathrú fomhír den Treoir Chuntasaíochta – laistigh de 12 mhí ó dháta chlár comhardaithe na bliana airgeadais dá dtarraingítear suas an tuarascáil.

MAOIRSEACHT

52) **Cé na húdaráis atá i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais na tuarascála inbhuanaitheachta?**

Ní thugtar isteach leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach aon athrú ar an gcóras smachtbhannaí atá ann cheana faoin Treoir Chuntasaíochta, lena gceanglaítear ar na Ballstáit pionóis a chur i bhfeidhm atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach le haghaidh cásanna neamhchomhlíonta ag gnóthais atá faoi réir cheanglais na Treorach Cuntasaíochta ([90]). Dá bhrí sin, tá comhlíontacht gnóthas le ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi réir an chórais náisiúnta smachtbhannaí atá i bhfeidhm le haghaidh thuarascáil bhainistíochta na ngnóthas atá faoi réir na Treorach Cuntasaíochta. In aon chás, ní mór an tuarascáil inbhuanaitheachta a bheith faoi réir dearbhú ó sholáthraí dearbhaithe i gcónaí faoi Airteagal 40a(3) den Treoir Chuntasaíochta ([91]).

ROINN V

CEISTEANNA COITIANTA MAIDIR LE DEARBHÚ AN TUAIRISCITHE INBHUANAITHEACHTA

FORMHEAS INIÚCHÓIRÍ REACHTÚLA AGUS GNÓLACHTAÍ INIÚCHÓIREACHTA

53) **An gcomhlíonfaidh na daoine nádúrtha a dhéanann na hiniúchtaí reachtúla thar ceann an ghnólachta iniúchóireachta na coinníollacha a fhorchuirtear le hAirteagal 4 agus le hAirteagail 6 go 12 den Treoir Iniúchóireachta, lena n-áirítear ceanglais shonracha bhreise Airteagail 7(2), 8(3), Airteagal 10(1), an dara fomhír agus Airteagal 14(2), an ceathrú fomhír den Treoir Iniúchóireachta? An gcomhlíonfaidh na daoine nádúrtha ag a bhfuil cearta vótála i ngnólacht iniúchóireachta na coinníollacha a fhorchuirtear le hAirteagal 4 agus le hAirteagail 6 go 12 den Treoir Iniúchóireachta freisin, lena n-áirítear ceanglais shonracha bhreise Airteagal 7(2), Airteagal 8(3), Airteagal 10(1), an dara fomhír agus Airteagal 14(2), an ceathrú fomhír den Treoir Iniúchóireachta, fiú mura bhfuil sé beartaithe ag an ngnólacht iniúchóireachta dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a sholáthar? Cad faoi na ceanglais maidir leis na daoine nádúrtha a chomhdhéanann comhlacht riaracháin nó bainistíochta an ghnólachta iniúchóireachta?**

Foráiltear le hAirteagal 3 den Treoir Iniúchóireachta - lena rialaítear formheas iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta - nach bhféadfaidh údaráis inniúla iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta a fhormheas ach amháin má chomhlíontar coinníollacha áirithe.

Leis na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Treoir Iniúchóireachta maidir le formheas iniúchóirí reachtúla, déantar crostagairt d'Airteagal 4 agus d'Airteagail 6 go 10 den Treoir Iniúchóireachta, agus leis na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 3(4) den Treoir Iniúchóireachta maidir le formheas gnólachtaí iniúchóireachta, déantar crostagairt d'Airteagal 4 agus d'Airteagail 6 go 12 den Treoir Iniúchóireachta.

Tá foclaíocht Airteagal 4 den Treoir Iniúchóireachta lena gcumhdaítear dea-cháil leathan go leor chun feidhm a bheith aici freisin maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, agus leasaíodh Airteagail 6 go 12 den Treoir Iniúchóireachta chun feidhm shainráite a bheith acu maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta.

([90]) Airteagal 51 den Treoir Chuntasaíochta: '*Déanfaidh na Ballstáit foráil do phionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir leis an Treoir seo agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar na pionóis sin. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach*'.

([91]) Airteagal 40a(3), an chéad fhomhír: '*Ceanglóidh na Ballstáit go bhfoilseofar an tuarascáil inbhuanaitheachta […] agus go mbeidh tuairim dhearbhaithe ag gabháil léi, ar tuairim í arna cur in iúl ag duine nó ag gnólacht amháin nó níos mó atá údaraithe chun tuairim a thabhairt maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi dhlí náisiúnta an ghnóthais tríú tír nó Ballstáit.*'

I gcás inar mian le hiniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta a bheith formheasta chun dearbhú maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a sholáthar, beidh air na ceanglais ábhartha uile sa dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir Iniúchóireachta a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 3(4) den Treoir Iniúchóireachta. Níl comhlíonadh na gceanglas maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta sainordaitheach chun formheas a dhéanamh faoi Airteagal 3 den Treoir Iniúchóireachta ar iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta nach soláthraíonn dearbhú maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta.

54) **Cad iad na ceanglais formheasa maidir le dearbhú inbhuanaitheachta d'iniúchóirí reachtúla a formheasadh roimh an 1 Eanáir 2024 nó a bhí ag dul faoin bpróiseas formheasa an 1 Eanáir 2024?**

Chun go mbeidh iniúchóirí reachtúla in ann dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a sholáthar, ní mór dóibh a bheith formheasta agus na ceanglais bhreise maidir le hinbhuanaitheacht a chomhlíonadh ansin.

Go sonrach, bunaithe ar Airteagal 14a, an tríú fomhír den Treoir Iniúchóireachta, ní gá do na hiniúchóirí reachtúla a formheasadh roimh an 1 Eanáir 2026 – a formheasadh roimh an 1 Eanáir 2024 nó a bhí ag dul faoin bpróiseas formheasa an 1 Eanáir 2024 – ar mian leo dearbhú inbhuanaitheachta a dhéanamh freisin, Airteagail 7(2) agus 8(3), Airteagal 10(1), an dara fomhír ná Airteagal 14(2), an ceathrú fomhír den Treoir Chuntasaíochta a chomhlíonadh, ach ní mór dóibh fós an t-eolas is gá a fháil trí oideachas leanúnach.

55) **An féidir le hiniúchóirí reachtúla a formheasadh roimh an 1 Eanáir 2026 iarratas a dhéanamh go ceann tréimhse éiginnte chun go bhformheasfar iad le haghaidh dearbhú inbhuanaitheachta? Cé na ceanglais a bheadh i bhfeidhm lena bhformheas?**

Faoi Airteagal 14a, an tríú fomhír den Treoir Iniúchóireachta, iniúchóirí reachtúla a formheasadh roimh an 1 Eanáir 2026 ar mian leo dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh, ní mór dóibh an t-eolas is gá a fháil ar thuairisciú inbhuanaitheachta agus ar dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear ar na hábhair a liostaítear in Airteagal 8(3) den Treoir Iniúchóireachta, tríd an oideachas leanúnach dá dtagraítear in Airteagal 13 den Treoir Iniúchóireachta. Ní cheanglaítear le hAirteagal 14a den Treoir Iniúchóireachta scrúduithe breise a dhéanamh ná an t-eolas sin a fháil sula bhfaightear an formheas. Ní leagtar amach sa Treoir Iniúchóireachta teorainneacha ama d'iniúchóirí reachtúla a formheasadh roimh an 1 Eanáir 2026 chun iarratas a dhéanamh ar dhearbhú inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais sin.

56) **Chun go bhformheasfar an t-iniúchóir reachtúil nó an t-oiliúnaí chun dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh freisin, an gá 8 mí d'oiliúint phraiticiúil i réimse an dearbhaithe inbhuanaitheachta a bheith mar chuid den oiliúint phraiticiúil 3 bliana a cheanglaítear faoi Airteagal 10(1), an chéad fhomhír den Treoir Iniúchóireachta nó an gá síneadh 8 mí eile a chur léi?**

Chun go bhformheasfar an t-iniúchóir reachtúil nó an t-oiliúnaí chun dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh freisin, ní mór 8 mí d'oiliúint phraiticiúil maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta bhliantúil agus chomhdhlúite nó maidir le seirbhísí eile a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a bheith mar chuid den oiliúint phraiticiúil 3 bliana a cheanglaítear faoi Airteagal 10(1), an chéad fhomhír den Treoir Iniúchóireachta.

An t-iniúchóir reachtúil nó an t-oiliúnaí a bhfuil an oiliúint phraiticiúil trí bliana curtha i gcrích aige cheana féin tráth a dhéantar iarratas ar an bhformheas chun dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh, beidh air tréimhse bhreise 8 mí d'oiliúint phraiticiúil a dhéanamh maidir le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta bhliantúil agus chomhdhlúite nó maidir le seirbhísí eile a bhaineann leis an inbhuanaitheacht.

Le hAirteagal 14a, an chéad fhomhír agus an dara fomhír den Treoir Iniúchóireachta, díolmhaítear ón gceanglas sin na catagóirí gairmithe seo a leanas: iniúchóirí reachtúla a formheasadh nó a aithníodh chun iniúchtaí reachtúla a dhéanamh roimh an 1 Eanáir 2024 agus daoine a bhí ag dul faoin bpróiseas formheasa an 1 Eanáir 2024, ar choinníoll go gcuirfidh siad an próiseas sin i gcrích faoin 1 Eanáir 2026. De bhun Airteagal 14a, an tríú fomhír den Treoir Iniúchóireachta, beidh ar na gairmithe sin an t-eolas is gá a fháil fós trí oideachas leanúnach.

57) **Faoi Airteagal 10(1), an dara fomhír den Treoir Iniúchóireachta, chun go bhformheasfaí an t-iniúchóir reachtúil nó an t-oiliúnaí chun dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh freisin, beidh 8 mí ar a laghad den oiliúint phraiticiúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír bunaithe ar dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta bhliantúil agus chomhdhlúite nó ar sheirbhísí eile a bhaineann leis an inbhuanaitheacht. Cad é an léirmhíniú ceart ar 'seirbhísí eile a bhaineann leis an inbhuanaitheacht'?**

Ba cheart '*Seirbhísí eile a bhaineann le hinbhuanaitheacht*' a thuiscint mar sheirbhísí a bhaineann leis an tuairisciú inbhuanaitheachta taobh amuigh den dearbhú. D'fhéadfaí a chuimsiú leo, mar shampla, seirbhísí comhairliúcháin maidir le tuarascálacha inbhuanaitheachta agus tuarascálacha inbhuanaitheachta a ullmhú.

58) **An féidir iniúchóir reachtúil a formheasadh chun iniúchtaí reachtúla a dhéanamh roimh an 1 Eanáir 2024 i mBallstát A a bheith formheasta chun dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh i mBallstát B, cé nach bhfuil an t-iniúchóir reachtúil sin formheasta chun dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh i mBallstát A? Don chlárúchán i mBallstát B, an gá an t-iniúchóir sin a bheith cláraithe mar iniúchóir reachtúil agus mar sholáthraí seirbhísí dearbhaithe nó an é nach féidir an t-iniúchóir sin a bheith cláraithe ach mar sholáthraí seirbhísí dearbhaithe amháin?**

Don chlárúchán i mBallstát B, ní mór an t-iniúchóir reachtúil a bheith formheasta mar iniúchóir reachtúil sa Bhallstát sin (féach Airteagail 3(1) agus 14(1) den Treoir Iniúchóireachta). Más amhlaidh an cás agus más mian leis an iniúchóir a bheith cláraithe mar sholáthraí seirbhísí dearbhaithe, beidh feidhm ag an gcóras idirthréimhseach faoi Airteagal 14a den Treoir Iniúchóireachta i mBallstát B (féach freisin Ceist Choitianta 54). Ní theastaíonn formheas mar sholáthraí seirbhísí dearbhaithe i mBallstát A.

59) **Is mian le hiniúchóir reachtúil a formheasadh chun iniúchtaí reachtúla a dhéanamh tar éis an 1 Eanáir 2024 i mBallstát A, agus atá formheasta freisin chun dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh sa Bhallstát sin, a bheith cláraithe i mBallstát B. Sa chás sin, an gá don iniúchóir reachtúil a bheith cláraithe i mBallstát B mar iniúchóir agus mar sholáthraí seirbhísí dearbhaithe nó an bhféadfadh an t-iniúchóir reachtúil sin a bheith cláraithe mar sholáthraí seirbhísí dearbhaithe amháin?**

Ba cheart an t-iniúchóir reachtúil a bheith cláraithe mar iniúchóir reachtúil agus mar sholáthraí seirbhísí dearbhaithe i mBallstát B. Is iad na Soláthraithe Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleácha amháin is féidir a bheith cláraithe mar sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe gan bheith ina n-iniúchóirí.

SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ DEARBHAITHE NEAMHSPLEÁCHA A CHREIDIÚNÚ AGUS A FHORMHEAS

60) **An féidir daoine nádúrtha a bheith creidiúnaithe mar Sholáthraithe Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleácha ?**

Is féidir. In Airteagal 2, pointe (23), den Treoir Iniúchóireachta agus in Airteagal 2, pointe (20), den Treoir Chuntasaíochta, sainmhínítear Soláthraithe Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleácha mar '*comhlacht um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh na gníomhaíochta sonraí um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) de Threoir 2013/34/AE*'. Ina theannta sin, sainmhínítear an comhlacht um measúnú comhréireachta i Rialachán Uimh. 765/2008 mar '*comhlacht a dhéanann gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta, lena n-áirítear calabrú, tástáil, deimhniú agus cigireacht*'.

Cé nach ndéantar tagairt i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ach do chreidiúnú comhlachtaí, ní mór a mheabhrú nach dtagann soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha faoi raon feidhme beartaithe an Rialacháin sin. Ba cheart an téarma '*comhlacht*' a léamh chun cás daoine nádúrtha a chuimsiú chun cothroime iomaíochta a áirithiú idir soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha agus iniúchóirí reachtúla.

61) **Is féidir le soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha atá bunaithe i mBallstát dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh sa chríoch sin, ar choinníoll go bhfuil siad faoi réir ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach sa Treoir Iniúchóireachta. An gá Airteagal 3a den Treoir Iniúchóireachta a chumhdach le coibhéis na gceanglas freisin?**

Le hAirteagal 34(4) den Treoir Chuntasaíochta, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sa Treoir Iniúchóireachta a chomhlíonadh chun go mbeidís in ann dearbhú inbhuanaitheachta a dhéanamh. Cuimsítear leis na ceanglais sin an liosta neamh-uileghabhálach a leagtar amach in Airteagal 34(4) den Treoir Chuntasaíochta agus measúnú coibhéise le dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (22) den Treoir Iniúchóireachta.

Chun cothroime iomaíochta a áirithiú idir soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha agus iniúchóirí reachtúla, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha ceanglais chlárúcháin atá coibhéiseach leo sin a leagtar amach in Airteagal 3a den Treoir Iniúchóireachta a chomhlíonadh freisin.

TRÍÚ PÁIRTÍ NEAMHSPLEÁCH CREIDIÚNAITHE

62) **Cad é an 'tríú páirtí neamhspleách creidiúnaithe' dá dtagraítear in Airteagal 34(6) den Treoir Chuntasaíochta agus in Airteagal 37(3) den Treoir Iniúchóireachta?**

Is mar seo a leanas atá aithris (63) den Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach: '*Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcás ina gceanglaítear ar ghnóthas le dlí an Aontais eilimintí dá thuairisciú inbhuanaitheachta a bheith fíoraithe ag tríú páirtí neamhspleách creidiúnaithe, gur cheart tuarascáil an tríú páirtí neamhspleách creidiúnaithe a chur ar fáil mar iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil bhainistíochta nó ar aon mhodh eile a bhfuil rochtain ag an bpobal air. Le cur ar fáil na tuarascála sin, níor cheart teacht roimh thoradh na tuairime dearbhaithe ar cheart don fhíorú tríú páirtí a bheith neamhspleách ina leith. Níor cheart aon dúbailt oibre a bheith i gceist leis idir an t-iniúchóir nó an soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleách a chuireann an tuairim dhearbhaithe in iúl agus an tríú páirtí neamhspleách creidiúnaithe*.'

Is éard is 'tríú páirtí neamhspleách creidiúnaithe' ann eintiteas, ar saineolaí é de ghnáth seachas an t-iniúchóir reachtúil nó an Soláthraí Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleách , a sholáthraíonn an tuairim dhearbhaithe maidir leis an ráiteas inbhuanaitheachta, a d'fhéadfadh codanna den tuairisciú inbhuanaitheachta a fhíorú, amhail astaíochtaí GCT. Ceanglaítear leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach trédhearcacht a bheith ann a mhéid a bhaineann le torthaí a chuid oibre agus neamhdhúbailt le hobair na n-iniúchóirí reachtúla/soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha ([92]).

SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ DEARBHAITHE NEAMHSPLEÁCHA

63) **An mbeidh Soláthraí Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleách atá bunaithe i gcríoch Ballstáit eile in ann cúraimí a dhéanamh i mBallstát nach gceadaíonn soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha chun dearbhú maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh ina chríoch?**

Ní bheidh. Ní bheidh soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha atá bunaithe i gcríoch Ballstáit eile in ann dearbhú maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a sholáthar i mBallstát nach gceadaíonn soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha chun dearbhú maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh ina chríoch.

Le hAirteagal 34(4), an chéad fhomhír den Treoir Chuntasaíochta, tugtar an rogha do na Ballstáit a cheadú do sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha atá bunaithe ina gcríoch an tuairim dhearbhaithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a chur in iúl, ar choinníoll go bhfuil na soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha sin faoi réir ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach sa Treoir Iniúchóireachta maidir le hiniúchóirí reachtúla a dhéanann dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta. Le hAirteagal 34(5), an chéad fhomhír den Treoir Chuntasaíochta, ní cheanglaítear ach ar na Ballstáit a bhain úsáid as an rogha sin cead a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha atá bunaithe i mBallstát eile dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh ina gcríoch.

64) **I gcás go bhfuil an soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha bunaithe i mBallstát eile, cé aige a mbeidh cumhachtaí maoirseachta i leith na hoibre a dhéanann an soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha?**

I gcás ina ndéanann an soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta i gcríoch Ballstáit eile (Ballstát óstach), ba cheart don Bhallstát ina bhfuil an soláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha bunaithe (Ballstát baile) a bheith freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar obair an tsoláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha mura gcinneann an Ballstát óstach maoirseacht a dhéanamh ar dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanann soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha ina chríoch ([93]). Má chinneann an Ballstát óstach maoirseacht a dhéanamh ar dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanann soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha atá cláraithe i mBallstát eile ar a chríoch, déanfaidh an Ballstát óstach an méid seo a leanas: (i) gan ceanglais ná dliteanas a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha den sórt sin atá níos déine ná an méid a cheanglaítear leis na dlíthe náisiúnta le haghaidh dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta do sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha nó iniúchóirí atá bunaithe sa Bhallstát óstach sin; agus (ii) Ballstáit eile a chur ar an eolas faoina chinneadh maoirseacht a dhéanamh ar dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanann soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha atá bunaithe i mBallstáit eile.

([92]) Airteagal 34(6) den Treoir Chuntasaíochta agus Airteagal 37(3), an dara fomhír den Treoir Iniúchóireachta.
([93]) Airteagal 34(5) den Treoir Chuntasaíochta.

65) **A luaithe a thugann Ballstát cead do sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha bunú ar a chríoch, an gceadaítear go huathoibríoch do ghnóthais náisiúnta dul ar iontaoibh soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha chun dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh?**

Ceadaítear, beidh cead ag gnóthais dul ar iontaoibh soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha chun a ráiteas inbhuanaitheachta a dhearbhú a luaithe a thugann Ballstát cead do sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh.

SOLÁTHRAITHE DEARBHAITHE TRÍÚ TÍR

66) **An féidir le Soláthraithe Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleácha tríú tír dearbhú inbhuanaitheachta a sholáthar san Aontas?**

Bunaithe ar Airteagal 34(4) den Treoir Chuntasaíochta, féadfar cead a thabhairt do na soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha atá bunaithe i gcríoch Ballstáit dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a sholáthar.

Leis an sainmhíniú ar sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha faoi Airteagal 2, pointe (23), den Treoir Iniúchóireachta agus Airteagal 2, pointe (20), den Treoir Chuntasaíochta, ceanglaítear creidiúnú an tsoláthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha de bhun Rialachán 765/2008. Cé nach ndéantar tagairt sa Rialachán sin ach do chreidiúnú comhlachtaí atá bunaithe i gcríoch Ballstáit, ní mór a mheabhrú nach dtagann soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha faoi raon feidhme beartaithe an Rialacháin sin. Tá seirbhísí dearbhaithe á ndéanamh ag soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ní mór an scéim um údarú Soláthraithe Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleácha a léirmhíniú i bhfianaise ghealltanais an Chomhaontaithe Ghinearálta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Trádáil Seirbhísí a thug na Ballstáit agus i bhfianaise chomhaontuithe déthaobhacha an Aontais. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs Soláthraithe Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleácha, ní mór Rialachán 765/2008 a léirmhíniú ar bhealach lena gceadaítear do Sholáthraithe Seirbhísí Dearbhaithe Neamhspleácha tríú tír dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a sholáthar i gcomhréir le gealltanais na mBallstát.

RÚNDACHT

67) **An bhfuil ceanglais rúndachta in Airteagal 23 den Treoir Iniúchóireachta infheidhme freisin maidir le gairmithe a dhéanann dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta?**

Tá. Tá ceanglais rúndachta in Airteagal 23 den Treoir Iniúchóireachta infheidhme freisin maidir le gairmithe a dhéanann dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta. I gcás inar cheadaigh an Ballstát do sholáthraí seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha nó d'iniúchóir reachtúil seachas an t-iniúchóir a dhéanann iniúchadh ar na ráitis airgeadais dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh, ba cheart do na soláthraithe dearbhaithe sin a bheith in ann faisnéis a mhalartú chun comhordú iomchuí a dhéanamh.

SEIRBHÍSÍ DEARBHAITHE

68) **Cad is brí leis an téarma 'anailís inbhuanaitheachta' a úsáidtear in Airteagal 8(3), pointe (b), den Treoir Iniúchóireachta?**

Baineadh úsáid as an téarma '*anailís inbhuanaitheachta*' mar mhacasamhail den téarma '*anailís airgeadais*' ón Treoir Iniúchóireachta le haghaidh iniúchóirí reachtúla. Cé gur tagairt é 'anailís airgeadais' do mheasúnú ar inmharthanacht, cobhsaíocht agus brabúsacht gnólachta, foghnólachta nó tionscadail, ba cheart 'anailís inbhuanaitheachta' a mheas mar mheasúnú ar na cúrsaí inbhuanaitheachta a dhéanann difear do ghnólacht agus do chúrsaí inbhuanaitheachta a bhféadfadh tionchar a bheith ag an ngnólacht orthu.

TÁILLÍ

69) **An measfaí gur sárú ar Airteagal 25 den Treoir Iniúchóireachta é dá n-ísleofaí na táillí ar dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta i gcás ina ndéanann an t-iniúchóir reachtúil céanna an t-iniúchadh reachtúil freisin?**

Le hAirteagal 25 den Treoir Iniúchóireachta, ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú nach bhfuil tionchar ag soláthar 'seirbhísí breise' a sholáthraítear don eintiteas a ndéantar iniúchóireacht air ar tháillí ar iniúchtaí reachtúla ná ar dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, agus ba cheart iad a bheith beartaithe mar 'seirbhísí seachas an t-iniúchadh reachtúil agus dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta'. Ní rialaítear leis an gaol idir na táillí ar iniúchtaí reachtúla agus ar dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta.

DEARBHÚ AN RÁITIS INBHUANAITHEACHTA ARNA ULLMHÚ I GCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAIL 19a AGUS 29a DEN TREOIR CHUNTASAÍOCHTA

70) **Cad ba cheart don soláthraí dearbhaithe tuairim a thabhairt ina leith, de réir Airteagal 34(1) den Treoir Chuntasaíochta?**

Faoi Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) den Treoir Chuntasaíochta, ní mór d'aon ghnóthas atá faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta tuairim dhearbhaithe a fháil maidir lena ráiteas inbhuanaitheachta.

Tá an tuairim dhearbhaithe sin bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas seo a leanas ag an ráiteas inbhuanaitheachta:

— na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta dá bhforáiltear sa Treoir Chuntasaíochta (lena n-áirítear comhlíonadh na ESRSanna arna nglacadh de bhun Airteagail 29b/29c den Treoir Chuntasaíochta ag an tuairisciú inbhuanaitheachta, an próiseas a dhéanann an gnóthas chun an fhaisnéis a thuairiscítear de bhun na ESRSanna sin a shainaithint -i.e., próiseas measúnaithe na hábharthachta dúbailte, agus comhlíonadh an cheanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a mharcáil i gcomhréir le hAirteagal 29d den Treoir Chuntasaíochta); agus

— na ceanglais tuairiscithe dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Tá coinne leis go ndéanfaidh na soláthraithe dearbhaithe nósanna imeachta lena gcuirtear ar a gcumas dóibh teacht ar an gconclúid nár tháinig siad ar aon ábhar a thabharfadh údar dóibh a chreidiúint nach gcuirtear an fhaisnéis sa ráiteas inbhuanaitheachta i láthair go cothrom, ar gach slí ábhartha, i gcomhréir leis na ESRSanna arna nglacadh ag an Aontas agus nach gcomhlíonann sí na ceanglais dhlíthiúla maidir le faisnéis inbhuanaitheachta a mharcáil (i.e., an chlibeáil dhigiteach) agus ceanglais dhlíthiúla Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Is éard atá sa chéad chuid den chonclúid ina dtagraítear don chur i láthair cothrom, ar gach slí ábhartha, i gcomhréir leis na ESRSanna, tuairim maidir leis an méid seo a leanas:

— an bhfuil ráiteas inbhuanaitheachta an ghnóthais, lena n-áirítear an próiseas chun an fhaisnéis a thuairiscítear a shainaithint (i.e. próiseas measúnaithe na hábharthachta dúbailte), i gcomhréir le ESRSanna; agus

— ar nochtadh tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha uile an ghnóthais a bhaineann le hinbhuanaitheacht mar gheall ar thoradh an phróisis sin i gcomhréir le ESRSanna.

71) **Le mír 121 de ESRS 1 (Ceanglais ghinearálta), ceadaítear don ghnóthas faisnéis a ionchorprú ina ráiteas inbhuanaitheachta trí thagairt dá thuarascáil arna hullmhú de réir Rialachán (AE) Uimh. 1221/2009 maidir le Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil. Tá an fhoráil sin faoi réir choinníollacha mhír 120, lena n-áirítear go bhfuil an fhaisnéis a ionchorpraítear trí thagairt a dhéanamh faoi réir an leibhéil chéanna dearbhaithe agus atá an ráiteas inbhuanaitheachta ar a laghad. An bhfuil tuarascáil an ghnóthais arna hullmhú de réir Rialachán (AE) Uimh. 1221/2009 maidir le Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil faoi réir an leibhéil chéanna dearbhaithe agus atá an ráiteas inbhuanaitheachta ar a laghad?**

Faoi Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) den Treoir Chuntasaíochta, ní mór d'aon ghnóthas atá faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta tuairim dhearbhaithe a fháil bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta. Tá tuarascáil an ghnóthais arna hullmhú de réir Rialachán (AE) Uimh. 1221/2009 maidir le Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil faoi réir bailíochtú a dhéanann fíoraitheoir comhshaoil agus is féidir a mheas go bhfuil an bailíochtú sin ar an leibhéal dearbhaithe céanna ar a laghad le ceanglas dearbhaithe teoranta na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

72) **I gcás ina ndéanann beirt iniúchóirí reachtúla éagsúla an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais agus dearbhú an ráitis inbhuanaitheachta, cé acu den bheirt ba cheart an tuairim a thabhairt i dtaobh chomhsheasmhacht na tuarascála bainistíochta leis na ráitis airgeadais?**

Bunaithe ar Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (a)(i) den Treoir Chuntasaíochta, ní mór don iniúchóir reachtúil nó don ghnólacht iniúchóireachta a dhéanann an t-iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais tuairim a thabhairt i dtaobh chomhsheasmhacht na tuarascála bainistíochta leis na ráitis airgeadais don bhliain airgeadais chéanna. I gcás ina bhfuil iniúchóir reachtúil nó gnólacht iniúchóireachta seachas an ceann nó na cinn a dhéanann an t-iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais i gceannas ar an tuairim dhearbhaithe a chur in iúl maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, leanfaidh an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta atá i gceannas ar iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de bheith i gceannas ar thuairim a chur in iúl maidir leis an gcomhsheasmhacht idir an tuarascáil bhainistíochta agus na ráitis airgeadais don bhliain airgeadais chéanna.

73) **Cén doiciméad inar gá an tuairim dhearbhaithe a chur?**

Sa tuarascáil dearbhaithe ([94]). Más é an t-iniúchóir céanna a dhéanann an t-iniúchadh ar ráitis airgeadais a thugann an tuairim dhearbhaithe, féadfaidh na Ballstáit a cheadú d'iniúchóirí an tuairim dhearbhaithe a chur isteach mar roinn ar leithligh den tuarascáil iniúchóireachta.

74) **Conas ba cheart an tuarascáil dearbhaithe a fhoilsiú? An bhfuil aon cheanglas formáide ann don tuarascáil dearbhaithe?**

Faoi láthair, ní cheanglaítear le dlí an Aontais formáid shonrach a úsáid don tuarascáil iniúchóireachta agus/nó dá síniú. Mar sin féin, le hAirteagal 33a den Treoir Chuntasaíochta arna leasú leis an bpacáiste maidir leis an bpointe rochtana aonair Eorpach, ceanglaítear ar ghnóthais an tuarascáil dearbhaithe a chur faoi bhráid chomhlacht bailiúcháin ábhartha an phointe rochtana aonair Eorpaigh nuair a chuireann siad ar fáil don phobal í agus formáid a úsáid ónar féidir sonraí a asbhaint (nó formáid mheaisín-inléite, i gcás ina gceanglaítear sin le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta), in éineacht leis na meiteashonraí ábhartha a ghabhann léi. Tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin bearta cur chun feidhme a ghlacadh chun tuilleadh meiteashonraí a shonrú a ghabhfaidh leis an tuarascáil inbhuanaitheachta agus chun formáid mheaisín-inléite a éileamh.

75) **Cad iad na caighdeáin dearbhaithe ba cheart do sholáthraithe dearbhaithe an ráitis inbhuanaitheachta a úsáid go dtí go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach caighdeáin dearbhaithe?**

Bunaithe ar Airteagal 26(1), an dara fomhír den Treoir Iniúchóireachta, féadfaidh na Ballstáit caighdeáin, nósanna imeachta nó ceanglais iniúchóireachta náisiúnta a chur i bhfeidhm fad nach mbeidh caighdeán iniúchóireachta idirnáisiúnta lena gcumhdaítear an t-ábhar céanna glactha ag an gCoimisiún.

I bhfianaise shaintréithe cáilíochtúla na faisnéise a cheanglaítear faoi ESRS 1 (Caibidil 2 agus Foscríbhinn B: ábharthacht agus léiriú dílis chomh maith le hinchomparáideacht, infhíoraitheacht agus intuigtheacht) agus chun ilroinnt a sheachaint agus chun a áirithiú go mbeidh cleachtais chomh comhsheasmhach agus is féidir le linn na hidirthréimhse sin, go dtí go nglacfar caighdeáin dearbhaithe an Aontais, d'iarr an Coimisiún ar Choiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta (CCEFI) treoirlínte neamhcheangailteacha a fhorbairt in 2024 d'iniúchóirí reachtúla agus do sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe eile.

76) **An bhféadfadh na Ballstáit cead a thabhairt do ghnóthais atá faoi réir cheanglais na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach dearbhú iontaofachta a shannadh, ar bhonn deonach, chun tuairim a thabhairt bunaithe ar chineál measctha dearbhaithe (i.e. dearbhú teoranta maidir le codanna den tuairisciú inbhuanaitheachta agus dearbhú réasúnach maidir le codanna eile den tuairisciú – mar shampla maidir le heochairtháscairí feidhmíochta sonracha)?**

Bunaithe ar Airteagal 34(1), an dara fomhír, pointe (aa) den Treoir Chuntasaíochta, ní mór an tuairim dhearbhaithe maidir leis an tuairisciú inbhuanaitheachta a bheith bunaithe ar dhearbhú iontaofachta teoranta ([95]). Ós rud é go ndéantar foráil le dearbhú iontaofachta réasúnach maidir le leibhéal dearbhaithe níos airde i gcomparáid le dearbhú iontaofachta teoranta, ní chuirtear cosc ar ghnóthas leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach cinneadh a dhéanamh go deonach tuairim a iarraidh bunaithe ar dhearbhú réasúnach maidir leis an tuairisciú inbhuanaitheachta ina iomláine nó maidir le codanna de. Ba faoin ngnóthas a bheadh an cinneadh sin seachas faoin soláthraí dearbhaithe.

([94]) Airteagal 28a den Treoir Iniúchóireachta.

([95]) Bunaithe ar Airteagal 26a den Treoir Iniúchóireachta, tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin dearbhaithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh dearbhú teoranta faoin 1 Deireadh Fómhair 2026. Tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin caighdeáin dearbhaithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh dearbhú réasúnach faoin 1 Deireadh Fómhair 2028, tar éis measúnú a dhéanamh chun a chinneadh an bhfuil dearbhú réasúnach indéanta d'iniúchóirí agus do ghnóthais.

77) **Maidir le gnóthais a thuairiscíonn faisnéis inbhuanaitheachta i gcomhréir le ESRSanna ar bhonn deonach (amhail FBManna nach bhfuil urrúis acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas), an gceanglófar orthu an fhaisnéis sin a chur faoi réir dearbhaithe?**

Ní rialaítear leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach tuairisciú inbhuanaitheachta a dhéantar ar bhonn deonach. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear ar ghnóthas a dhéanann tuairisciú inbhuanaitheachta ar bhonn deonach a fhaisnéis inbhuanaitheachta a chur faoi réir dearbhú iontaofachta.

SEIRBHÍSÍ NACH SEIRBHÍSÍ DEARBHAITHE IAD

78) **Cad iad na srianta seirbhíse neamh-iniúchóireachta nuair a sholáthraíonn iniúchóir reachtúil seirbhísí dearbhaithe i dtaobh na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach d'eintiteas nó do ghrúpa nach cliant iniúchóireachta ráitis airgeadais é?**

Faoi Airteagal 25c(1) den Treoir Iniúchóireachta, maidir leis an iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta a dhearbhaíonn tuairisciú inbhuanaitheachta eintitis leasa phoiblí - nó comhalta den líonra - ní sholáthróidh sé don eintiteas leasa phoiblí na seirbhísí neamh-iniúchóireachta toirmiscthe dá dtagraítear in Airteagal 5(1), an dara fomhír, pointí (b), (c), (e) go (k) den Rialachán Iniúchóireachta .

Faoi Airteagal 25c(2) den Treoir Iniúchóireachta, féadfaidh an t-iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta sin seirbhísí neamh-iniúchóireachta a sholáthar don eintiteas leasa phoiblí seachas:

— na seirbhísí neamh-iniúchóireachta toirmiscthe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo; nó

— i gcás inarb infheidhme (i.e. i gcás ina ndéanann an t-iniúchóir reachtúil iniúchtaí ar ráitis airgeadais freisin), na seirbhísí neamh-iniúchóireachta toirmiscthe dá dtagraítear in Airteagal 5(1), an dara fomhír den Rialachán Iniúchóireachta; nó

— seirbhísí a mheasann na Ballstáit a bheith ina mbagairt ar neamhspleáchas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) den Rialachán sin, faoi réir fhormheas an choiste iniúchóireachta tar éis dó measúnú ceart a dhéanamh ar bhagairtí ar neamhspleáchas agus ar na coimircí arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 22b den Treoir Iniúchóireachta.

Dá bhrí sin:

— i gcás nach ndéanann an gnólacht iniúchóireachta ach dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta de chuid eintitis leasa phoiblí, féadfaidh sé seirbhísí neamh-iniúchóireachta a sholáthar seachas na seirbhísí toirmiscthe dá dtagraítear in Airteagal 5(1), an dara fomhír, pointe (b), (c) agus (e) go (k) den Rialachán Iniúchóireachta (ós rud é go mbaineann riosca leis na seirbhísí toirmiscthe sin do neamhspleáchas an ghnólachta iniúchóireachta i gcás dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a dhéanamh);

— i gcás ina ndéanann an gnólacht iniúchóireachta idir an iniúchadh reachtúil agus dhearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta de chuid eintitis leasa phoiblí ar leith, féadfaidh sé seirbhísí neamh-iniúchóireachta a sholáthar seachas na seirbhísí toirmiscthe dá dtagraítear in Airteagal 5(1), an dara fomhír den Rialachán Iniúchóireachta (i.e. na seirbhísí toirmiscthe dá dtagraítear i bpointí (a) go (k) uile toisc go mbaineann riosca do neamhspleáchas an ghnólachta iniúchóireachta leis na seirbhísí sin i gcás an dá rud seo a leanas: dearbhú an tuairiscithe inbhuanaitheachta – pointí (b), (c) agus (e) go (k) agus an t-iniúchadh reachtúil – pointí (a) go (k)).

DEARBHÚ NA TUARASCÁLA INBHUANAITHEACHTA A ULLMHAÍTEAR I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 40a DEN TREOIR CHUNTASAÍOCHTA

79) **Cad a tharlaíonn mura soláthraíonn an gnóthas tríú tír an tuairim dhearbhaithe don fhoghnóthas san Aontas/ don bhrainse san Aontas?**

De bhun Airteagal 40a(3) den Treoir Chuntasaíochta, mura soláthraíonn an gnóthas tríú tír an tuairim dhearbhaithe, eiseoidh an foghnóthas nó an brainse ráiteas ina léireofar an fíoras sin.

80) **Conas ba cheart an tuairim dhearbhaithe maidir leis an tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhaítear de bhun Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta a fhoilsiú? An bhfuil aon cheanglas formáide ann?**

Bunaithe ar Airteagal 40d(1) den Treoir Chuntasaíochta, foilseofar an tuairim dhearbhaithe maidir leis an tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhaítear de bhun Airteagal 40a in éineacht leis an tuarascáil inbhuanaitheachta – agus, i gcás inarb infheidhme, leis an ráiteas a luaitear in Airteagal 40a(2), an ceathrú fomhír den Treoir Chuntasaíochta – laistigh de 12 mhí ó dháta chlár comhardaithe na bliana airgeadais dá dtarraingítear suas an tuarascáil, mar a fhorálann gach Ballstát, i gcomhréir le hAirteagail 14 go 28 den Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí agus, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 36 den Treoir sin. Faoi láthair, ní cheanglaítear le dlí an Aontais ceanglais shonracha formáide don tuairim dhearbhaithe. Le hAirteagal 33a den Treoir Chuntasaíochta áfach - a tugadh isteach leis an bpacáiste maidir leis an bpointe rochtana aonair Eorpach ([96]) - ceanglaítear ar fhoghnóthais agus ar bhrainsí atá faoi réir Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta an tuarascáil inbhuanaitheachta a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin arna ainmniú ag an mBallstát i bhformáid ónar féidir sonraí a asbhaint, in éineacht leis na meiteashonraí ábhartha a ghabhann léi. Tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin bearta cur chun feidhme a ghlacadh chun tuilleadh meiteashonraí a shonrú a ghabhfaidh leis an tuairim dhearbhaithe agus chun formáid mheaisín-inléite a éileamh.

ROINN VI

CEISTEANNA COITIANTA MAIDIR LE PRÍOMHACMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

81) **De réir Airteagal 19(1), an ceathrú fomhír den Treoir Chuntasaíochta, tuairisceoidh gnóthais faisnéis maidir leis na príomhacmhainní doláimhsithe agus míneoidh siad an chaoi a mbraitheann samhail ghnó an ghnóthais go bunúsach ar acmhainní den sórt sin agus an chaoi ar foinse cruthaithe luacha don ghnóthas iad acmhainní den sórt sin. An bhfuil feidhm ag an gceanglas nochta sin maidir le gach cineál príomhacmhainní doláimhsithe, lena n-áirítear sócmhainní doláimhsithe a aithnítear ar an gclár comhardaithe?**

Níl Airteagal 19(1), an ceathrú fomhír den Treoir Chuntasaíochta teoranta d'fhaisnéis faoi phríomhacmhainní doláimhsithe nach n-aithnítear mar shócmhainní doláimhsithe ar an gclár comhardaithe. Dá réir sin, tá feidhm ag an gceanglas maidir le príomhacmhainní doláimhsithe uile an ghnóthais, lena n-áirítear sócmhainní doláimhsithe a chuimsítear sa chlár comhardaithe.

Leis an gcur chuige iomlánaíoch sin, is féidir le húsáideoirí tuiscint a fháil ar spleáchais shamhail ghnó an ghnóthais maidir le príomhacmhainní doláimhsithe agus a n-ábharthacht maidir le cruthú luacha na cuideachta, gan beann ar an gcomhlíonfaidís critéir aitheantais agus tomhais an chreata cuntasaíochta is infheidhme. Cuideoidh sé sin le húsáideoirí measúnú a dhéanamh ar luach margaidh an ghnóthais.

82) **Cé na heintitis a gceanglaítear orthu faisnéis maidir le príomhacmhainní doláimhsithe a sholáthar sa tuarascáil bhainistíochta? An mbeidh feidhm ag an gceanglas sin freisin maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais, gan beann ar a bhfoirm dhlíthiúil?**

Tuairisceoidh gnóthais mhóra agus FBManna liostaithe (seachas micreaghnóthais) faisnéis maidir leis na príomhacmhainní doláimhsithe agus míneoidh siad an chaoi a mbraitheann samhail ghnó an ghnóthais go bunúsach ar na hacmhainní sin agus an chaoi ar foinse cruthaithe luacha don ghnóthas iad na hacmhainní sin. Níl feidhm ag Airteagal 19 den Treoir Chuntasaíochta ach amháin maidir leis na cineálacha gnóthas dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Treoir Chuntasaíochta, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais a chomhlíonann na coinníollacha in Airteagal 1(1) den Treoir Chuntasaíochta. Ní mór an fhaisnéis sin a chur sa tuarascáil bhainistíochta (ach ní gá í a chur sa ráiteas inbhuanaitheachta).

83) **An gá príomhacmhainní doláimhsithe a chur sa ráiteas inbhuanaitheachta?**

Leagtar amach in Airteagal 19(1) den Treoir Chuntasaíochta faisnéis nach mór a chuimsiú i dtuarascáil bhainistíochta an ghnóthais. Ceanglaítear le hAirteagal 19(1), an ceathrú fomhír den Treoir Chuntasaíochta go gcuimseofar faisnéis maidir le príomhacmhainní doláimhsithe sa tuarascáil bhainistíochta. Dá bhrí sin, ní gá an fhaisnéis sin a bheith sa ráiteas inbhuanaitheachta agus féadfar í a sholáthar i roinn eile den tuarascáil bhainistíochta.

([96]) Go háirithe le Treoir (AE) 2023/2864 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (IO L, 2023/2864, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2864/oj) 'Treoir Omnibus maidir leis an bpointe rochtana aonair Eorpach'.

ROINN VII

CEISTEANNA COITIANTA BREISE MAIDIR LE CEANGLAIS AR GHNÓTHAIS TRÍÚ TÍR

84) **An gceanglaítear ar ghnóthais tríú tír faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar an leibhéal aonair agus/nó ar an leibhéal comhdhlúite (ráiteas inbhuanaitheachta aonair/comhdhlúite) faoi Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Gan dochar d'Airteagal 23 den Treoir um Thrédhearcacht, ní cheanglaítear ar ghnóthais tríú tír faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar leibhéal aonair agus/nó ar leibhéal comhdhlúite faoi Airteagail 19a/29a den Treoir Chuntasaíochta, ach amháin más eisitheoir urrús inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas é an gnóthas tríú tír, gan micreaghnóthais san áireamh.

Ní mór d'eisitheoirí tríú tír faisnéis inbhuanaitheachta a chur ina dtuarascáil bhainistíochta mar chuid dá dtuarascáil airgeadais bhliantúil, bunaithe ar Airteagal 4(5) den Treoir um Thrédhearcacht, lena ndéantar crostagairt d'Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta.

85) **An féidir le FBManna tríú tír a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas diúltú don oibleagáid faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú le haghaidh blianta airgeadais a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2028 de bhun Airteagal 19a(7) den Treoir Chuntasaíochta?**

Is féidir, tá feidhm ag an bhforáil maidir le rogha an diúltaithe a leagtar amach in Airteagal 19a(7) den Treoir Chuntasaíochta freisin maidir le FBManna tríú tír a bhfuil urrúis inaistrithe acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas (féach Ceist Choitianta 16).

86) **Má fhoilsíonn máthairghnóthas tríú tír ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite ar bhonn deonach chun mbeidh a fhoghnóthais in ann leas a bhaint as na díolúintí faoi Airteagail 19a(9) agus 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta, an gá an ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite sin a chur i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite nó an féidir leis a bheith ina dhoiciméad neamhspleách?**

Féadfaidh an máthairghnóthas tríú tír a chomhlíonann Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta ar bhonn deonach an ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a chur i ndoiciméad ar leithligh.

87) **An gá foghnóthais uile an mháthairghnóthais tríú tír a chuimsiú i ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite arna ullmhú de bhun Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta, nó an leor na foghnóthais san Aontas amháin?**

Is ionann na rialacha maidir le comhdhlúthú an ráitis inbhuanaitheachta agus na rialacha maidir le comhdhlúthú na ráiteas airgeadais. Bunaithe ar Airteagal 22(6) den Treoir Chuntasaíochta ([97]), ní mór a fhoghnóthais uile a chuimsiú sa ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite, gan beann ar an áit a bhfuil oifigí cláraithe na bhfoghnóthas sin lonnaithe.

88) **Go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le coibhéis caighdeán inbhuanaitheachta tríú tír, conas is féidir le gnóthas tríú tír nach gceanglaítear air faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi dhlí an Aontais é a chur ar a gcumas dá fhoghnóthais san Aontas a bheith díolmhaithe ó thuairisciú inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Maidir le gnóthas tríú tír nach gceanglaítear air faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi dhlí an Aontais agus ar mian leis é a chur ar a gcumas dá fhoghnóthais san Aontas a bheith díolmhaithe ó thuairisciú inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, féadfaidh sé ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a fhoilsiú arna ullmhú i gcomhréir le ESRSanna.

([97]) Airteagal 22(6) den Treoir Chuntasaíochta: *'Gan dochar d'Airteagal 23(9), beidh máthairghnóthas agus a fhoghnóthais uile ina ngnóthais a chomhdhlúthófar gan beann ar an áit ina bhfuil oifigí cláraithe na bhfoghnóthas sin lonnaithe.'*

De rogha air sin, bunaithe ar Airteagal 48i(1) den Treoir Chuntasaíochta, go dtí na blianta airgeadais dar críoch an 6 Eanáir 2030, ní mór do na Ballstáit cead a thabhairt d'fhoghnóthas a rialaítear le dlí Ballstáit atá faoi réir Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta agus a rialaítear a mháthairghnóthas le dlí tríú tír ráiteas inbhuanaitheachta comhdhlúite a ullmhú agus a fhoilsiú faoi Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta, lena n-áirítear foghnóthais dhíreacha nó indíreacha uile an mháthairghnóthais tríú tír sin atá lonnaithe san Aontas agus atá faoi réir Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta. Sonraítear in Airteagal 48i(2) den Treoir Chuntasaíochta go mbeidh an foghnóthas san Aontas a ullmhaíonn an tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite ar cheann de na foghnóthais san Aontas den ghrúpa a ghin an láimhdeachas is mó san Aontas i gceann amháin ar a laghad de na 5 bliana airgeadais roimhe sin, ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme.

Bunaithe ar Airteagal 48i(3) den Treoir Chuntasaíochta, mar thoradh ar ullmhú agus foilsiú an ráitis inbhuanaitheachta chomhdhlúite arna ullmhú agus arna fhoilsiú ag an bhfoghnóthas san Aontas dá dtagraítear in Airteagal 48i(1) den Treoir Chuntasaíochta, díolmhaítear na gnóthais uile a chuimsítear sa chomhdhlúthú ón tuairisciú inbhuanaitheachta ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha in Airteagail 19a(9) agus 29a(8).

89) **An gá d'eisitheoirí tríú tír nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur ina ráiteas inbhuanaitheachta?**

Gan dochar d'Airteagal 23 den Treoir um Thrédhearcacht, ní mór d'eisitheoirí tríú tír a thuairiscíonn i gcomhréir le hAirteagal 19a nó le hAirteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chuimsiú ina ráitis inbhuanaitheachta.

Le hAirteagal 4(5) den Treoir um Thrédhearcacht, ceanglaítear ar eisitheoirí urrús inaistrithe san Aontas agus i dtríú tír a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas (gan micreaghnóthais san áireamh) a dtuarascáil bhainistíochta a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagail 19, 19a, 20, agus 29d(1) den Treoir Chuntasaíochta (nó Airteagail 29, 29a agus 29d(2) den Treoir Chuntasaíochta i gcás tuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite) agus na sonraíochtaí arna nglacadh de bhun Airteagal 8(4) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur san áireamh, '*nuair atá sí tarraingthe suas ag gnóthais dá dtagraítear sna forálacha sin*'.

I gcomhréir le rún soiléir na gcomhreachtóirí na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach sa Treoir Chuntasaíochta (nach bhfuil feidhm aici ach maidir le gnóthais san Aontas) a leathnú chuig eisitheoirí san Aontas agus eisitheoirí tríú tír, tá '*nuair atá sí tarraingthe suas ag gnóthais dá dtagraítear sna forálacha sin*' le léirmhíniú mar thagairt do na catagóirí gnóthas dá dtagraítear in Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta (i.e. gnóthais mhóra, FBManna liostaithe gan micreaghnóthais san áireamh, agus máthairghnóthais grúpaí móra). Ós rud é go bhfuil feidhm ag an Treoir um Thrédhearcacht maidir le gach eisitheoir san Aontas agus i dtríú tír (micreaghnóthais san áireamh), tá gá leis an abairt sin chun a áirithiú nach mbeidh micreaghnóthais liostaithe faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta.

Le hAirteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ceanglaítear ar chuideachtaí atá faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta an chaoi a mbaineann gníomhaíochtaí na cuideachta le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus a méid a bhaineann siad leo, a fhoilsiú. Tugtar le fios i bhfoclaíocht Airteagal 4(5) den Treoir um Thrédhearcacht, i gcás ina bhfuil eisitheoir san Aontas nó eisitheoir tríú tír faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta, nach mór dó nochtaí faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur ina thuarascáil bhainistíochta.

ROINN VIII

CEISTEANNA COITIANTA MAIDIR LE RNAI

90) **Aon táscaire a thuairiscíonn institiúid infheistiúcháin atá faoi réir na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach mar tháscaire neamhábhartha, an bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais glacadh leis nach gcuireann an táscaire sin leis an táscaire comhfhreagrach maidir le drochthionchair phríomha i gcomhthéacs nochtaí RNAI?**

Féadfaidh. Aon táscaire a thuairiscíonn institiúid infheistiúcháin mar tháscaire neamhábhartha, ar institiúid í a chuireann ESRSanna i bhfeidhm, féadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais glacadh leis nach gcuireann an táscaire sin leis an táscaire comhfhreagrach maidir le drochthionchair phríomha i gcomhthéacs nochtaí RNAI, i.e. ní gá luach na hinfheistíochta sin a áireamh in uimhreoir tháscaire drochthionchair phríomha RNAI ar leith.

Le hAirteagal 29b(5), pointe (b), den Treoir Chuntasaíochta, ceanglaítear ar an gCoimisiún, a mhéid is féidir, an fhaisnéis a theastaíonn ó rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le nochtadh, ar oibleagáidí iad a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2088 agus sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin, a chur san áireamh agus caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta á nglacadh acu.

Mar thoradh ar an oibleagáid a leagtar amach sa Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a chur san áireamh, aon táscaire a thuairiscíonn gnóthas infheistíochta atá faoi réir cheanglais na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach mar tháscaire neamhábhartha, is faisnéis ábhartha é agus féadfar a mheas nach gcuireann sé le drochthionchair phríomha faoi RNAI.

Gheobhaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais an fhaisnéis sin i dtuairisciú faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, mar go gceanglaítear le ESRS 1, mír 35, i gcás ina measann gnóthas nach bhfuil pointe sonraí sonrach a dhíorthaítear ó RNAI ábhartha, go sonraíonn an gnóthas go sainráite go bhfuil an fhaisnéis atá i gceist 'neamhábhartha' ([98]).

Ina theannta sin, le ESRS 2, mír 56, ceanglaítear ar ghnóthais atá faoi réir na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach tábla a chur isteach de na pointí sonraí uile a dhíorthaítear ó reachtaíocht eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear RNAI, agus an áit ar féidir teacht orthu sa ráiteas inbhuanaitheachta a chur in iúl agus é a léiriú sa tábla gur 'Neamhábhartha' iad na cinn a mheas an gnóthas a bheith ina bpointí sonraí neamhábhartha, i gcomhréir le ESRS 1, mír 35.

([98]) Glactar an cur chuige céanna maidir le pointí sonraí a dhíorthaítear ó reachtaíocht eile de chuid an Aontais a liostaítear i bhFoscríbhinn B a ghabhann le ESRS 2.